



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséal 19.10.2011
COIM(2011) 665 leagan deireanach

2011/0302 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

{SEC(2011) 1262 leagan deireanach}

{SEC(2011) 1263 leagan deireanach}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

An 29 Meitheamh 2011, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile don tréimhse 2014-2020¹: "Buiséad do Straitéis Eoraip 2020". Ina thogra, chinn an Coimisiún moladh a dhéanamh ionstraim chomhtháite nua a chruthú le hinfheistiú i dtosaíochtaí bonneagair an AE san Iompar, san Fhuinneamh agus sa Teileachumarsáid: an "tSaoráid um Chónascadh na hEorpa" (SCE ina dhiaidh seo).

Is coinníoll riachtanach do chomhlánú mhargadh aonair na hEorpa iad gréasáin iompair, fuinnimh agus dhigiteacha atá cliste, inbhuanaithe agus iomlán idirnasctha. Ina theannta sin, is féidir le hinfheistiúcháin i bpríomhbhonneagair a bhfuil breisluach AE láidir acu spreagadh a thabhairt d'iomáiochas na hEorpa i gcomhthéacs eacnamaíoch deacair, ina bhfuil fás mall agus buiséid phoiblí srianta. Ar deireadh, is ríthábhachtach iad freisin na hinfheistiúcháin sin i mbonneagar chun cur ar chumas an AE a chuspóirí maidir le fás inbhuanaithe atá sonraithe i Straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach agus cuspóirí "20-20-20" an AE i réimse an bheartais fuinnimh agus aeráide² a bhaint amach.

Leagann an Rialachán seo amach na forálacha lena rialaítear an SCE. Is forbairt é ar an obair a rinneadh chun an t-athbhreithniú ar an gcreat beartais sa trí earnáil (Iompar, Fuinneamh agus Teileachumarsáid) a ullmhú don chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile (2014-2020). I gcomhréir le hAirteagal 170 den CFAE, moltar treoirlínte nua i ngach earnáil i gcomhréir leis an SCE. Dá bhrí sin, is ionann na Treoirlínte athbhreithnithe le haghaidh Iompair, Fuinnimh agus Teileachumarsáide ar thaobh amháin agus an SCE ar an taobh eile agus pacáiste rialála comhsheasmhach amháin.

Sna deich mbliana atá thart, tá laghdú tagtha ar chaiteachas bonneagair san Eoraip ar an meán. Tá an ghéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais, áfach, tar éis an tsuim atá ann sa ghá le hinfheistiúcht i mbonneagar a athnuachan. Le linn na géarchéime eacnamaíche, bhí infheistiúcháin spriocdhírithé in athnuachan nó i dtógáil bonneagair ina gcuid thábhachtach de phleananna spreagtha agus téarnaimh ar leibhéal an AE agus na mBallstát, mar bhealach chun tacú le héileamh foriomlán agus toradh fadtéarmach ar airgead arna chaitheamh a áirithiú ag an am céanna. An rud is tábhachtaí, tá sé léirithe ag an ngéarchéim go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le bonneagair do thodhchaí eacnamaíoch na hEorpa.

Mar a léiríodh³ i dTuarascáil Monti, ní fhéadfadh Margadh Aonair iomlán comhtháite a bheith ann gan nasc gan uaim a bheith ann idir a chomhpháirteanna ar fad. Tá naisc iompair, eangacha leictreachais agus gréasáin leathanbhanda fíor-riachtanach do limistéar eacnamaíoch comhtháite a fheidhmiú go maith agus dá chomhtháthú sóisialta agus críochach. Bíodh sin

¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin dar teideal "Buiséad do Straitéis Eoraip 2020" ("A Budget for Europe 2020"), 29.6.2011, COIM(2011)500 críochnaitheach.

² Laghdú 20% ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa, sciar 20% d'fhuinneamh in-athnuaite in idiú fuinnimh deiridh an AE agus feabhsú 20% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2020.

³ "Straitéis nua don Mhargadh Aonair a fhóin do gheilleagar agus do shocháil na hEorpa" ("A new Strategy for the Single Market at the service of Europe's economy and society"). Tuarascáil le Mario Monti chuig Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, an 9 Bealtaine 2010, lch. 64.

mar atá, cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i gcomhtháthú rialála san AE agus go bhfuil margaí ag éirí níos comhtháite, léiríonn glacadh agus teacht i bhfeidhm an tríú pacáiste um léirscaoileadh in earnáil an fhuinnimh le déanaí, go bhfuil idirnascadh fisiceach trasteorann fós ar gcúl. Tá naisc in easnamh, go mór mór sna Ballstáit nua, rud a chruthaíonn línte dealaithe idir lár agus imeall an Aontais Eorpaigh agus a chuireann bac ar fhorbairt bhreise malartuithe laistigh den Aontas nó ar fhás earnálacha eacnamaíocha nua, amhail ríomhthráchtáil.

Táthar tar éis riachtanais infheistíochta shuntasacha a shainaithint. In earnáil an fhuinnimh, déanann an rialachán atá beartaithe maidir le treoirlínte do chur chun feidhme tosaíochtaí Eorpacha um bonneagar fuinnimh (Treoirlínte do bhonneagar tras-Eorpach fuinnimh anseo feasta) dhá chonair bonneagair tosaíochta dhéag agus dhá limistéar bonneagair tosaíochta dhéag a shainaithint, ceithre cinn i ngach earnáil sna hearnálacha seo a leanas: iompar leictreachais agus gáis, imscaradh eangacha cliste, mótarbhealaí leictreachais agus gréasáin trasteorann chun dé-ocsaíd charbóin a iompar. Bheadh infheistíochtaí thart ar thrilliún amháin ag teastáil faoi 2020 ó chóras fuinnimh na hEorpa agus meastar, as an méid sin, go mbeadh gá le hinfeistíocht tuairim is €200 billiún do ghréasáin leictreachais agus gháis nach bhfuil ach tábhacht Eorpach ag baint leo. Ba cheart don mhargadh €100 billiún den infheistíocht iomlán sin a sheachadadh gan chabhair, cé go mbeidh gníomh poiblí ag teastáil i ndáil leis an €100 billiún eile chun na hinfeistíochtaí is gá a ghairáil.

In earnáil an iompair, sainaithníodh ‘croíghréasán’ pan-Eorpach trí úsáid a bhaint as modheolaíocht phleanála phan-Eorpach. An croíghréasán sin, atá comhdhéanta de chonairí agus a iompraíonn lastas agus paisinéirí ar bhealach an-éifeachtúil, gan ach méid beag astaíochtaí a chruthú, baineann sé úsáid fhairsing as bonneagar atá ann cheana. Trí naisc atá in easnamh a chomhlánú agus trí scrogaill a mhaolú agus trí sheirbhísí níos éifeachtúla a úsáid i gcomhcheangail ilmhódacha, déileálfaidh sé le formhór na sreabha tráchta sa mhargadh aonair. Meastar go bhfuil an costas a bhaineann le bonneagar an AE a fhorbairt, chun freastal ar an éileamh ar iompar, níos mó ná €1.5 trilliún sa tréimhse 2010-2030 maidir le gréasáin iompair uile Bhallstáit an AE. Éilíonn comhlánú na ngréasán tras-Eorpach iompair thart ar €500 billiún faoi 2020, agus as sin bheadh €250 billiún ag teastáil chun naisc atá in easnamh a chomhlánú agus scrogaill sa chroíghréasán a bhaint .

I gcás na ngréasán teileachumarsáide, is cuspóir lárnach é scrogaill (dhigiteacha) a chuireann bac ar chomhlánú an Mhargaidh Aonair Dhigitigh a bhaint. Fágann sin go bhfuil gá le feabhas foriomlán ar an ngréasán leathanbhanda ar fad agus le bunú ardán bonneagair seirbhísí digiteacha a chumasaíonn imscaradh digiteach comhsheasmhach seirbhísí poiblí Eorpacha. Dar ndóigh, is iad na gréasáin sin, ar gréasáin fhisiceacha iad atá bunaithe ar sheirbhísí, is mó a chumasaíonn fás cliste. Mar chuid den Chlár Oibre Digiteach, ba cheart rochtain a bheith ag gach Eorpach ar leathanbhanda bunúsach faoi 2013 agus ar leathanbhanda gasta agus sárghasta faoi 2020. I Meán Fómhair 2010, thug an Coimisiún breac-chuntas ar na céimeanna atá de dhíth chun infheistíocht suas le €270 billiún a bhfuil gá léi chun leathanbhanda sárghasta a chur ar fáil do theaghlaigh agus do ghnóthaí uile na hEorpa faoi 2020 a aimsiú. Sna cúinsí reatha, clúdóidh an earnáil phríobháideach cuid de na riachtanais infheistíochta sin. Meastar gur suas le €270 billiún iad na riachtanais infheistíochta chun na cuspóirí sin a bhaint amach. In éagmais idirghabháil an Aontais, áfach, níltear ag súil le hinfeistíocht níos mó ná €50 billiún ón earnáil phríobháideach don tréimhse go dtí 2020. Fágann sin go bhfuil bearna infheistíochta €220 billiún ann. Toisc gur mó i bhfad na sochair shóisialta ó infheistíocht i mbonneagair dhigiteacha ná an dreasacht infheistíochta phríobháideach, tá gá le hidirghabháil phoiblí spriocdhírith chun an margadh a spreagadh.

Tá sé léirithe ag an anailís a rinne seirbhísí an Choimisiúin agus iad ag ullmhú an Rialacháin seo, cé go bhfuil súil go mbeidh ról ollmhór ag an margadh agus ag buiséid náisiúnta i seachadadh na mbonneagar is gá, trí mheicníochtaí infheistíochta agus praghsála iomchuí, nach ndéanfar roinnt infheistíochtaí i mbonneagar, nó go gcuirfear moill orthu i bhfad tar éis 2020, mura dtéann an AE i mbun gnímh. Dá bhrí sin, tá gá le ranníocaíocht shuntasach ó bhuiséad an AE sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile lena áirithiú go mbainfear amach tosaíochtaí bonneagair an AE.

Chun tionchar acmhainní buiséadacha an AE a mhéadú, tá sé i gceist ag an gCoimisiún leas níos córasaí a bhaint as ionstraimí airgeadais nuálacha chun rogha mhalartach ar an maoiniú deontais traidisiúnta a thabhairt agus bearnaí airgeadais le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha a líonadh. Is gné thábhachtach d'ionstraimí airgeadais nuálacha é go gcruthaíonn siad éifeacht iolraitheora níos láidre i mbuiséad an AE ná ionstraimí traidisiúnta, trí mhaoiniú poiblí agus príobháideach eile a éascú agus a mhealladh go tionscadail atá chun leasa an AE. Déanann siad an infheistíocht a ghíaráil agus tionchar bhuiséad an AE a mhéadú dá bharr sin.

Ar bhonn taithí ar ionstraimí airgeadais faoin gcreat airgeadais reatha a cuireadh ar bun i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), amhail an Ionstraim Ráthaíochta Iasachta do thionscadail um ghréasán tras-Eorpacha iompair (LGTT anseo feasta), tá sé i gceist ag an gCoimisiún cuid shuntasach dá idirghabhálacha a chur chun feidhme laistigh den SCE trí ionstraimí airgeadais a úsáid. Go háirithe, úsáidfear Tionscnamh um Banna Tionscadail de chuid Eoraip 2020⁴ mar mhodh chun acmhainní infheistíochta a aimsiú le haghaidh tionscadal bonneagair atá chun phríomhleasa straitéisigh na hEorpa.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

2.1 Comhairliúchán agus sainchomhairle

Baintear leas, sa Rialachán seo, as comhairliúchán fairsing le geallsealbhóirí, institiúidí agus comhlachtaí de chuid an AE, Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, saineolaithe acadúla agus institiúidí idirnáisiúnta. Úsáideadh na torthaí ar mheasúnuithe meántéarmacha a rinneadh ar chlár 2007-2013, mar aon le raon leathan staidéar agus sainchomhairle, mar ionchur.

Sa trí earnáil, d'ardaigh tuairimí na bpáirtithe leasmhara, i measc nithe eile, na saincheisteanna seo a leanas:

Is léir ó na comhairliúcháin go bhfuil comhaontú leathan ann go bhfuil gá le tacaíocht mhéadaithe ón AE chun forbairt bonneagair a bhfuil breisluach Eorpach aige a luathú.

D'iarr geallsealbhóirí go ndéanfaí maoiniú de chuid an AE a ghíaráil níos mó i dtreo cuspóirí beartais gréasán tras-Eorpach trí chomhordú níos fearr idir ionstraimí éagsúla airgeadais mar shampla, is é sin le rá an Ciste Comhtháthaithe agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), clár na ngréasán tras-Eorpach agus idirghabhálacha an BEI.

⁴ COIM(2011)xxx maidir le seoladh na céime píolótaí den Tionscnamh um Banna Tionscadail de chuid Eoraip 2020.

Measann geallsealbhóirí gurb ionann punann na n-ionstraimí airgeadais atá ar fáil a leathnú agus modh chun tacaíocht a chur in oiriúint níos fearr do riachtanais áirithe tionscadail, chun struchtúrú tionscadal éifeachtach a chumasú agus infheisteoirí nua a mhealladh. Tá an Tionscnamh um Banna Tionscadail, atá beartaithe, thar a bheith oiriúnach d'infheistíochtaí móra faoin SCE.

2.2 Measúnú Tionchair

Rinneadh measúnú tionchair ar an Rialachán atá beartaithe, measúnú maidir le roghanna féideartha chun an SCE a chur chun feidhme mar thionscnamh beartais, i.e. roghanna maidir le sainiú rialacha oibriúcháin an SCE. Mar phointe tosaigh, d'úsáid an measúnú tionchair cuspóir foriomlán an SCE mar atá beartaithe sa Teachtaireacht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil "Buiséad do Straitéis Eoraip 2020" ("*A Budget for Europe 2020*")⁵ – an fhorbairt bonneagair atá ag teastáil ón AE chun cuspóirí Straitéis Eoraip 2020 chomh maith le spriocanna "20-20-20" i ndáil le fuinneamh agus athrú aeráide a bhaint amach – agus bhain sé leas as ionchur ó chomhairliúcháin le geallsealbhóirí, agus as staidéir mheastóireachta ar chláir reatha an AE a thugann tacaíocht airgeadais d'fhorbairt TEN.

Ba é an príomhfhócas sa mheasúnú ar thionchar na roghanna féideartha beartais a mhéid a bhainfear amach, ar an mbealach is éifeachtaí, is éifeachtúla agus is comhsheasmhaí, dhá phríomhchuspóir shonracha, eadhon:

1) Giaráil chistí an AE a mhéadú – trí fhoirmeacha, modhanna agus rialacha airgeadais a shainiú ar féidir leo an ghíaráil is mó a áirithiú d'fhonn infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a mhealladh i dtreo tionscadal a bhfuil gné Eorpach, agus gné a bhaineann leis an Margadh Aonair, ag baint leo, go háirithe gréasáin tosaíochta nach mór iad a chur chun feidhme faoi 2020 agus i gcás a bhfuil géarghá le breisluach Eorpach lena n-áirítear, nuair is iomchuí, na cásanna sin a d'fhéadfadh tarlú i dtríú tíortha;

2) Seachadadh tráthúil tionscadal cómhaoinithe de chuid an AE a éascú – trí mheicníochtaí faireacháin agus meastóireachta a shainiú, meicníochtaí a chúitíonn feidhmíocht agus a ghearrann pionós as úsáid neamhéifeachtach chistí an AE.

Ag an am céanna, ba ghá, agus measúnú á dhéanamh ar na roghanna beartais, dhá chuspóir beartais fhoriomlána ghaolmhara de chuid an Aontais a chur san áireamh: ar thaobh amháin, a mhéid a bhainfear amach na cuspóirí beartais a bhaineann go sonrach le gach earnáil i réimse na mbonneagar mar atá siad sainithe in Airteagal 170 agus Airteagal 171 den CFAE, agus ar an taobh eile, simpliú rialacha an AE maidir le maoiniú trí thairbhe a bhaint as sineirgíochtaí laistigh d'earnálacha agus idir earnálacha, rud a bhfuil an Coimisiún tiomanta go daingean dó⁶. Toisc nach bhfuil an dá chuspóir beartais sin iomlán comhoiriúnach áfach, ba phrionsabal lárnach é, agus na roghanna lena sainítear rialacha oibriúcháin an SCE a bheith á measúnú, an chothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir comhsheasmhacht le cuspóirí beartais na hearnála agus uasmhéadú sineirgíochtaí.

⁵ COIM(2011)500

⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hAthbhreithniú an Bhuiséid (COIM(2010) 700), maidir le Rialáil Chliste (COIM (2010) 543), agus maidir le Buiséad do Straitéis Eoraip 2020 (COIM(2011) 500).

Ar dtús, breithníodh naoi bpríomhrogha mhalartacha beartais, agus an réasúnaíocht lárnach atá mar bhunús le cinneadh an Choimisiúin bunú na Saoráide um Chónascadh na hEorpa a mholadh mar thúsphointe, eadhon creat maoinithe an AE atá ann cheana a shimpliú trí leas a bhaint as sineirgíochtaí eárnálacha. Bunaíodh na roghanna malartacha beartais ar chomhcheangail de chásanna a chomhfhreagraíonn do thrí rogha bhunúsacha chun rialacha airgeadais a shimpliú – comhchuibhiú íosta, uasta agus athraitheach (nó "à la carte") rialacha eárnálacha – in dá réimse na hidirghabhála beartais a chomhfhreagraíonn don dá phríomhchuspóir shonracha a sainaitníodh níos túsce – gearáil infheistíochta agus cur chun feidhme clár.

Bhí an raon roghanna idir dhá fhoirceann dá bhrí sin. Ag foirceann amháin, is é an toradh a bheadh ar chomhchuibhiú íosta gearála infheistíochta agus cur chun feidhme clár go mbunófaí rialacha sonracha agus dálaí a bheadh go hiomlán éagsúil le chéile chun tacaíocht mhaoinithe de chuid an AE a chur ar fáil faoin SCE i ngach eárnáil. Ag an bhfoirceann eile bhí an rogha beartais lena bhfuil comhchuibhiú uasta gearála infheistíochta agus rialacha maidir le cur chun feidhme clár i gceist, rogha as a dtiocfadh cás ina mbeadh rialacha coiteanna airgeadais agus dálaí coiteanna bainistíochta clár sa trí eárnáil le haghaidh úsáid cistí faoin SCE. Idir an dá fhoirceann sin, ba iad a bhí i gceist leis na roghanna eile cásanna ina roinnfeadh eárnálacha rialacha agus dálaí áirithe fad is a d'fhanfadh rialacha agus dálaí eile éagsúil agus ina mbainfeadh siad go sonracha le gach eárnáil, i.e. comhcheangail de chomhchuibhiú uasta nó athraitheach rialacha i réimse amháin na hidirghabhála beartais agus comhchuibhiú athraitheach nó íosta na rialacha eárnálacha sa réimse eile.

Baineadh de tháil as an measúnú ar thionchar na roghanna beartais sin, maidir lena mhéid a bhainfí amach na cuspóirí a aibhsíodh níos túsce, gur fearr a d'fhéadfadh dhá cheann de na roghanna a breithníodh a áirithiú go dtabharfadh an SCE, trí bhíthin a rialacha oibriúcháin, tacaíocht d'fhorbairt luathaithe bonneagar atá chun leasa an AE:

- An rogha beartais lena mbeadh comhchuibhiú athraitheach rialacha i gceist – i.e. rogha ina mbeadh roinnt rialacha coiteann agus ina mbainfeadh roinnt rialacha fós go sonracha leis an eárnáil – in dá réimse na gearála infheistíochta agus cur chun feidhme clár – is í an rogha beartais is fearr a bheadh inti ó thaobh comhsheasmhachta de le cuspóirí beartais ábhartha uile an AE;

- Os a choinne sin b'fhéidir go mbeadh an rogha beartais inar roghnaíodh comhchuibhiú athraitheach na rialacha maidir le gearáil infheistíochta agus comhchuibhiú uasta rialacha a bhaineann le cur chun feidhme clár níos éifeachtúla ó thaobh costas de.

Bíodh sin mar atá, b'fhéidir go mbeadh tionchar diúltach níos fadtéarmaí ag an dara rogha maidir leis an gcumas freagairt do chásanna a bhaineann go sonracha le heárnáil, go háirithe maidir le clárú cistí agus tionchar a d'fhéadfadh, san fhadtéarma, coigiltis chostais tosaigh a fhritháireamh. Thángthas ar an gconclúid ar deireadh, dá bhrí sin, gurb í an rogha is fearr a bheadh ann chun a áirithiú go mbaintear amach cuspóirí an SCE méid áirithe solúbthachta eárnálaí a bheith ann freisin i sainiú rialacha an SCE maidir le cur chun feidhme clár.

Rinneadh na forálacha maidir le húsáid cistí faoin SCE a cuireadh i láthair sa Rialachán seo a dhréachtú ar bhonn na mbreithnithe agus na gconclúidí a aibhsíodh sa mheasúnú tionchair thuasluaite.

2.3 Breisluach AE an SCE

D'aibhsigh próiseas an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara, chomh maith leis an anailís a rinneadh sa mheasúnú tionchair, go mbeadh ceithre ghné ag baint le breisluach an SCE mar chreat coiteann maoinithe:

- (1) Simplíú chreat dlíthiúil an AE maidir le maoiniú bhonneagar TEN an toradh a bheadh ar chreat coiteann. D'áiritheodh sé cur chuige comhtháite freisin i leith mhaoiniú thionscadal an AE ar fud an trí earnáil.
- (2) Ag an am céanna, sholáthródh ciste agus creat airgeadais bonneagair aonair de chuid an AE cur chuige comhtháite trédhearcach i ndáil le cistiú an AE, cur chuige a thairgfeadh cinnteacht agus mar sin a mbeadh cumas ollmhór aige níos mó maoinithe a mhealladh ón earnáil phríobháideach. Bheadh ionstraimí airgeadais ar fáil ar bhonn láraithe agus comhordaithe, rud a mheallfadh agus a d'fheabhsódh éifeachtacht an chaidrimh leis na hinfheisteoirí príobháideacha agus na hinstiúidí airgeadais comhpháirtíochta.
- (3) Ina theannta sin, chumasódh an t-idirspleáchas atá ag méadú de réir a chéile idir tionscadail bhonneagair eacnamaíoch, gréasáin bhonneagair eacnamaíoch agus earnálacha bonneagair eacnamaíoch réadú barainneachtaí scála. Le creat cistithe comhtháite bonneagair de chuid an AE d'fhéadfaí tairbhe a bhaint as sineirgíochtaí trasearnálacha i bhforbairt agus i gcur chun feidhme tionscadal, agus ar an dóigh sin d'fhéadfaí costais a choigilt agus/nó saothrú níos éifeachtúla a dhéanamh agus torthaí níos airde a fháil.
- (4) Ar deireadh, ach chomh tábhachtach céanna, baineann creat coiteann sochar as ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtas a roinneadh thar earnálacha, agus sa chaoi sin cumasaíonn sé éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheabhsaithe mhaoiniú an AE i ngach earnáil.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Tá gréasáin thras-Eorpacha cumhdaithe faoi Airteagal 170 den CFAE, Airteagal a shonraíonn: “Rannchuideoidh an tAontas le gréasáin thras-Eorpacha a bhunú agus a fhorbairt in earnálacha bhonneagair an iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh”. Tá ceart an AE chun gníomhú i réimse an mhaoinithe bhonneagair leagtha amach in Airteagal 171, Airteagal a fhorálann go bhféadfaidh an tAontas "tacú le tionscadail chomhleasa lena dtacaíonn na Ballstáit (...)go háirithe trí bhíthin staidéar indéantachta, ráthaíochtaí iasachta nó fóirdheontas úis". Sonraíonn Airteagal 172 den CFAE go "nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, na treoirlínte agus na bearta eile dá dtagraítear in Airteagal 171(1)".

Sa Teachtaireacht maidir leis an Athbhreithniú Buiséid, thug an Coimisiún chun suntais an tábhacht a bhaineann le buiséad an AE a úsáid chun "bearnaí atá fágtha ag an gceapadh beartais náisiúnta a líonadh, trí dhul i ngleic le dúshláin trasteorann i réimsí an bhonneagair, na soghluaisteachta, an chomhtháthaithe chríochoigh... - bearnaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leas an AE ina iomláine mura dtéitear i ngleic leo" ("*plug gaps left by the dynamics of national policy-making, most obviously addressing cross-border challenges in*

areas like infrastructure, mobility, territorial cohesion... - gaps which would otherwise damage the interest of the EU as a whole)."⁷ Bíonn claonadh i mBallstáit tosaíocht a thabhairt do thionscadail a bhfuil tábhacht phríomhúil ag baint leo ar an leibhéal náisiúnta agus bonneagar á bpleanáil agus á gcistiú acu, agus d'fhéadfadh sé nach ionann i gcónaí na tionscadail sin agus tionscadail trasteorann a bhfuil breisluach níos airde ag baint leo do na saoránaigh ar leibhéal foriomlán an AE⁸. Ba cheart do chaiteachas iomlán an AE agus na mBallstát a bheith éifeachtúil agus ba cheart dó scála leordhóthanach infheistíochtaí a áirithiú agus sineirgíochtaí a chur chun cinn.

Sainítear an ionstraim reachtach, agus an cineál tomhais (.i. cistiú) araon sa CFAE, a sholáthraíonn an bunús dlí don SCE, agus a shonraíonn gur féidir na cúraimí, na cuspóirí tosaíochta agus eagrúchán na ngréasán tras-Eorpach a shainiú i rialacháin.

4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Áiríonn togra an Choimisiúin don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile togra le haghaidh EUR 50 billiún⁹ sa tréimhse 2014-2020, as a bhfuil EUR 10 mbilliún sainmharcáilte sa Chiste Comhtháthaithe le haghaidh bhonneagair iompair.

SCE	€40 billiún
• Fuinneamh	€9.1 billiún
• Iompar	€21.7 billiún
• Teileachumarsáid/Digiteach	€9.2 billiún
Suimeanna sainmharcáilte sa Chiste Comhtháthaithe do bhonneagair iompair	€10 billiún
Iomlán	€50 billiún

Léiríonn taithí ar an gcreat airgeadais reatha go bhfuil deacrachtaí roimh a lán Ballstát, atá incháilithe don Chiste Comhtháthaithe, chun tionscadail bhonneagair iompair trasteorann atá casta a dheardh agus a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, molann an Coimisiún cé go leanann an Ciste Comhtháthaithe de thacú le Ballstáit a bhfuil a nOllioncam Náisiúnta (OIN) in aghaidh an áitritheora cothrom le níos lú ná 90% de mheán an AE-27 chun infheistíochtaí a dhéanamh i ngréasáin thras-Eorpacha Iompair agus sa chomhshaol, go n-úsáidfead cuid de leithdháileadh an Chiste Chomhtháthaithe (EUR 10 mbilliún) chun maoiniú a thabhairt do thionscadail iompair sa chroíghréasán iompair sna Ballstáit atá incháilithe don Chiste Comhtháthaithe faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

⁷ COIM(2010)700, lch. 5.

⁸ Féach na Tuarascálacha ar Mheasúnú Tionchair na dTreoirí athbhreithnithe TEN-T, SEC(2011)xxx, na dTreoirí athbhreithnithe TEN-E, SEC(2011)xxx agus na dTreoirí e-TEN, SEC(2011)xxx.

⁹ Figiúirí uile i bpraghsanna tairiseacha 2011. Is féidir na méideanna comhfhreagracha, arna sloinneadh i bpraghsanna reatha, a aimsiú sa Ráiteas Airgeadais Reachtach.

5. ACHOIMRE AR ÁBHAR AN RIALACHÁIN

5.1 Creat aonair le hinfeistiú i dtosaíochtaí bonneagair an AE

Léiríonn taithí a fuarthas san am atá thart i maoiniú bonneagar trí chreataí TEN, tríd an bPlean Eorpach don Téarnamh Eacnamaíoch agus trí na Cistí Comhtháthaithe agus Struchtúracha gur féidir leis an AE luach breise a thabhairt do bhonneagair. Tá comhaontú ann i measc geallsealbhóirí go mb'fhéidir, i gcás ina leanann rudaí ar aghaidh mar is gnách, nach mbeadh an Eoraip in ann na hinfeistíochtaí is gá a aimsiú in am chun a gréasáin bhonneagair a nua-aosiú agus na naisc atá in easnamh a bhunú.

Tar éis na géarchéime airgeadais, caithfidh buiséid phoiblí na mBallstát aghaidh a thabhairt ar an gcomhdhlúthú fíoscach is gá a dhéanamh. Is minic a rinneadh ciorrúithe i gcaiteachas poiblí, agus cuireadh caiteachas le haghaidh tionscadal infheistíochta i mbonneagair ar fionraí nó cuireadh moill air. Ag an am céanna, ní cinnte gur féidir infheistíochtaí ó fhoinsí príobháideacha a mhéadú. I dteannta srianta airgeadais, déanann constaicí rialála freisin moill a chur ar chur chun feidhme tionscadal bonneagair a bhfuil gá leo nó cuireann siad bac ar chur chun feidhme na dtionscadal sin. Sa chomhthéacs sin, ní dhealraíonn sé gur leor creat reatha an AE do chistiú bonneagair chun freagairt éifeachtach a thabhairt. Tá cistiú ilroinnte i measc an iomarca clár agus cuireann an staid sin cosc ar thairbhe iomlán a bhaint as sineirgíochtaí idir cláir agus earnálacha.

Agus a straitéis cistithe le haghaidh bonneagair á hath-dhearadh aige, d'fhéach an Coimisiún leis na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- Cur chun feidhme cost-éifeachtach tráthúil príomhbhonneagair gréasán tosaíochta a áirithiú in earnáil an fhuinnimh, an iompair agus TFC, mar atá siad sainithe sa Phacáiste Bonneagair Fuinnimh, sa Pháipéar Bán maidir le hIompar Iomaíoch Inbhuanaithe¹⁰ agus sa Chlár Oibre Digiteach don Eoraip.
- Sineirgíochtaí idir na cláir fuinnimh, iompair agus TFC a uasmhéadú, ionas go gcomhfhreagraíonn cistiú do straitéis beartais chomhsheasmhach agus go roghnaítear tionscadail de réir critéar soiléir comhchuibhithe.
- Feabhas a chur ar chumas chistí an AE cistí poiblí nó príobháideacha eile a ghíaráil ionas gur leor méid iomlán na n-acmhainní a úsáidtear chun na riachtanais tuartha infheistíochta a chomhlíonadh go dtí 2020;
- Roghnú tionscadal, monatóireacht agus faireachán optamach a áirithiú chun go mbeidh cistiú an AE dírithe go maith, go mbeidh an éifeacht is fearr aige agus go gcaitear é ar an mbealach is éifeachtaí.

Baineann an réasúnaíocht maidir le bunús reachtach coiteann chun tacaíocht airgeadais a sholáthar i dtrí earnáil ar leith ina bhfuil creat beartais éagsúil leis an deis atá ann tairbhe a bhaint as sineirgíochtaí ar fud earnálacha, deis a thig as fadhbanna coiteanna i ndáil le cur chun feidhme cuspóirí polaitiúla a mhaoiniú, ar cuspóirí iad atá an-éagsúil le chéile. Bheadh trí ghné ag baint le breisluach creata choitinn.

¹⁰ COIM(2011)144

Bheadh simpliú chreat dlíthiúil an AE maidir le maoiniú bonneagar TEN mar thoradh ar chreat coiteann. D'áiríteadh sé freisin cur chuige comhtháite i leith mhaoiniú tionscadal an AE ar fud an trí earnáil. Mar a aibhsíodh níos luaithe, tá creat airgeadais bonneagair an AE casta go leor faoi láthair, den chuid is mó, de bharr líon agus ilchineálacht théacsanna dlíthiúla an AE atá ann. Tá simpliú na rialacha ar cheann de na príomhsmaointe sa chur chuige nua atá molta ag an gCoimisiún maidir le caiteachas buiséadach an AE.

Ag an am céanna, sholáthródh ciste agus creat airgeadais bonneagair aonair de chuid an AE cur chuige comhtháite trédhearcach i ndáil le cistiú an AE, cur chuige a thabharfadh cinnteacht agus, dá bhrí sin, a mbeadh cumas ollmhór aige níos mó maoinithe a mhealladh ón earnáil phríobháideach. Bheadh ionstraimí airgeadais ar fáil ar bhonn láraithe agus comhordaithe, rud a mheallfadh agus a d'fheabhsódh éifeachtacht an chaidrimh leis na hinfheisteoirí príobháideacha agus na hinstiúidí airgeadais comhpháirtíochta.

Ina theannta sin, chumasódh an t-idirspheáchas atá ag méadú de réir a chéile idir tionscadail agus gréasáin bhonneagair eacnamaíoch agus earnálacha bonneagair eacnamaíoch réadú barainneachtaí scála. Le creat cistithe comhtháite bonneagair de chuid an AE d'fhéadfaí tairbhe a bhaint as sineirgíochtaí trasearnálacha i bhforbairt agus i gcur chun feidhme tionscadal, agus, ar an dóigh sin, d'fhéadfaí costais a choigilt agus/nó saothrú níos éifeachtúla a dhéanamh agus torthaí níos airde a fháil.

Ar deireadh, ach chomh tábhachtach céanna, bhainfeadh creat coiteann sochar as ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtas a roinneadh thar earnálacha, agus sa chaoi sin chumasódh sé éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheabhsaithe mhaoiniú de chuid an AE i ngach earnáil.

5.2 Bearta simplithe agus comhsheasmhacht le rialacha reatha

Tá simpliú na rialacha ar cheann de na príomhsmaointe sa chur chuige nua atá molta ag an gCoimisiún maidir le caiteachas buiséadach an AE. Is é simpliú chreat dlíthiúil an AE maidir le maoiniú bonneagar TEN an toradh atá ar chreat coiteann an SCE. Cumhdaíonn téacs uathúil dlíthiúil maoiniú tionscadal an AE, tionscadail a bhaineann le gréasáin Iompair, Fuinnimh agus Dhigiteacha.

Cé go bhfuil na hearnálacha éagsúil ó thaobh teicneolaíochta/airgeadais/rialála de - tá líon leordhóthanach comóntachtaí ann le fíorfheabhas a mholadh maidir leis na hionstraimí éagsúla atá ann. Ag an am céanna, leagann an togra amach rialacha sonracha atá riachtanach chun aidhm fhoriomlán an SCE a choinneáil: sreabhadh airgid phoiblí an AE a luathú agus é a dhíriú níos fearr ar thionscadail bhonneagair thábhachtacha atá chun leasa an AE.

Tugann an téacs reatha simpliú isteach, ag díriú go háirithe ar na saincheistanna seo a leanas:

- Táscairí maidir le cuspóirí Straitéis Eoraip 2020 a ailíniú
- Solúbthacht maidir le leithdháiltí buiséid
- Bainistíocht láraithe don trí earnáil, trí chur chun feidhme le gníomhaireacht feidhmiúcháin, b'fhéidir
- Ionstraimí cistithe coiteanna
- Critéir choiteanna maidir le dámhachtain

- Coinníollacha coiteanna le haghaidh cúnaimh airgeadais
- Infheictheacht aonuaire trí chláir oibre choiteanna bhliantúla - atá tábhachtach don earnáil - agus coiste coiteann - atá tábhachtach do Bhallstáit

Anuas air sin, áirithíodh comhsheasmhacht iomlán leis an Rialachán Airgeadais reatha agus an Rialachán Airgeadais todhchaí. Na heisceachtaí a bhfuil foráil déanta maidir leo, tá siad ceadaithe go cuí i dtéacsanna dlíthiúla gaolmhara nó tá fasaigh ann dóibh.

5.3 Béim níos mó ar ionstraimí airgeadais

Comhlánóidh an SCE tacaíocht dhíreach an AE le hionstraimí airgeadais chun tionchar an chistithe a bharrfheabhsú. Déanfar rochtain ar chaipiteal do na riachtanais shuntasacha infheistíochta a éascú trí éifeachtaí suntasacha iolraitheora ionstraimí airgeadais (e.g. éifeachtaí a bhféadfadh suas le 1:15 go 1:20 a bheith i gceist leo). In éineacht le hionsú rathúil thacaíocht dhíreach an AE (mar a bhí amhlaidh sa Phlean Eorpach don Téarnamh Eacnamaíoch agus i gclár TEN-T), rannchuideoidh an spleáchas méadaithe ar ionstraimí airgeadais go mór le rioscaí do thionscnóirí tionscadal a mhaolú agus, dá bhrí sin, áiritheoidh sé cur chun feidhme tionscadal leasa choitinn.

Anuas air sin, is é an tasc timpeallacht a fhorbairt atá fabhrach d'infheistíocht phríobháideach agus ionstraimí a fhorbairt a mheallfaidh infheisteoirí bonneagair speisialaithe. Chun an éifeacht is mó a bhaint amach, ní mór do na hionstraimí sin féachaint le riosca a laghdú trí phunann na dtionscadal féideartha a éagsúlú. Is féidir an t-éagsúlú is mó a bhaint amach trí dhíriú ar earnálacha iomadúla thar raon leathan tíortha. Is fearr is féidir é sin a dhéanamh ar leibhéal na hEorpa agus ar bhonn conairí dea-shainithe agus réimsí spriocdhírthe infheistíochta. Dá bhrí sin, ba cheart an chuid is mó de na hionstraimí airgeadais a bheith coiteann do gach earnáil. Níl sé curtha as an áireamh, áfach, go bhféadfar roinnt ionstraimí airgeadais a fhorbairt chun riachtanais shonracha earnála aonair a chumhdach.

Ar bhonn anailís a rinneadh agus an Rialachán seo á ullmhú, measann seirbhísí an Choimisiúin, cé go mbraithfeadh an tacaíocht airgeadais do leathanbhanda go príomha ar ionstraimí airgeadais, ó thaobh iompair agus fuinnimh de, nár cheart do mhéid acmhainní buiséadacha an AE a bhfuil gá leo d'ionstraimí airgeadais a bheith os cionn EUR 2 bhilliún agus EUR 1 bhilliún faoi seach. Níl na meastacháin sin le tuiscint mar uasteorainneacha ceangailteacha, ós rud é go ndéanfar méid chistiú an AE a leithdháiltear ar ionstraimí airgeadais a choigeartú gach bliain ar bhonn measúnú ar líon na dtionscadal atá ar na bacáin arna dhéanamh ag idirghabhálaithe airgeadais (e.g. an BEI i gcás bannaí tionscadal).

5.4 An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa i gcomhthéacs an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile

Beidh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ina heilimint fhíor-riachtanach de chláir oibre fáis an AE atá dírithe ar chumas fadtéarmach fáis an AE a mheadú. Beidh an tSaoráid comhordaithe leis na hidirghabhálacha eile ó bhuiséad an AE amháil "Fís 2020" agus na Cistí Comhtháthaithe agus Struchtúracha.

Maidir leis an gcomhordú le Fís 2020, is gá comhlántachtaí a áirithiú agus forlúí féideartha a sheachaint ag an am céanna. Is tábhachtach freisin go n-áirithíonn an comhordú idir an SCE

agus Horizon 2020 nach gcuirtear isteach ar an slabhra taighde agus nuálaíochta as a dtig imscaradh bonneagar. Is fíorthábhachtach an méid sin ag tráth a mbeidh gá le dul chun cinn suntasach i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus TFC chun cuidiú leis an AE a chuspóirí uailmhianacha faoi Straitéis Eoraip 2020 a bhaint amach. Déanfar aon tacaíocht le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta trí ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme trí ionstraimí airgeadais a bhaineann le Horizon 2020.

Maidir leis an ngaol leis na Cistí Comhtháthaithe agus Struchtúracha, déanfar Creat Coiteann Straitéiseach an bheartais chomhtháthaithe, chomh maith le Conarthaí Comhpháirtíochta le Ballstáit, a chomhordú go dlúth leis na creataí beartais in earnálacha an iompair, an fhuinnimh agus na teileachumarsáide. Braithfidh na treoirlínte earnálacha ar na Cistí Comhtháthaithe agus Struchtúracha chun na bonneagair áitiúla agus réigiúnacha a sheachadadh agus chun iad a nascadh le bonneagair thosaíochta an AE.

Anuas air sin, saoráid a bhainisteofar go lárnach a bheidh sa tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, saoráid a thairbheoidh de mhéideanna arna sainmharcáil i gcomhair iompair sa Chiste Comhtháthaithe (EUR 10 mbilliún i bpragsanna 2011). Agus an EUR 10 mbilliún á leithdháileadh, tabharfar an tosaíocht is mó is féidir do thionscadaíl a urramaíonn na leithdháiltí náisiúnta faoin gCiste Comhtháthaithe. Anuas air sin, cuirfeadh an EUR 10 mbilliún sin in áirithe do Bhallstáit atá incháilithe don Chiste Comhtháthaithe, agus déanfar rátaí cómhaoinithe ó bhuiséad an Aontais a shocrú ag an leibhéal céanna leis an gCiste Comhtháthaithe.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach¹¹,

Tar éis dóibh an togra a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹²,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹³,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) I ngeall ar chruthú na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, ba cheart go n-uasmhéadófaí an cumas fáis trí réadú sineirgíochtaí idir beartais iompair, beartais fuinnimh agus beartais teileachumarsáide agus trína gcur chun feidhme, rud a d'fheabhsódh éifeachtúlacht idirghabháil an Aontais.
- (2) Braitheann margadh aonair lánfheidhmiúil ar bhonneagar nua-aimseartha, ardfheidhmíochta lena gcónasctar an Eoraip, go háirithe, i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na teileachumarsáide. Sholáthródh na naisc feabhsaithe fáis sin rochtain níos fearr ar an margadh inmheánach agus, dá bharr sin, rannchuideodh siad le geilleagar margaidh níos iomaíche i gcomhréir le cuspóirí agus spriocanna Straitéis Eoraip 2020¹⁴.
- (3) Tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a chruthú, díreofar ar na hinfheistíochtaí i réimse na ngréasán tras-Eorpach a luathú agus maoiniú a ghíaráil ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon.

¹¹ IO C , , lch. .

¹² IO C , , lch. .

¹³ IO C , , lch. .

¹⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal “Clár Oibre Digiteach don Eoraip (*A Digital Agenda for Europe*)”, 26.8.2010, COIM(2010)245 críochnaitheach/2.

- (4) Tá cruthú gréasán bonneagair éifeachtúil i réimsí an iompair agus an fhuinnimh ar cheann den 12 eochair-ghníomhaíocht arna sainaithint ag an gCoimisiún ina Theachtaireacht maidir le Gníomh um an Margadh Aonair¹⁵.
- (5) Tá gealltanais tugtha ag an gCoimisiún go ndéanfaidh sé athrú aeráide a chomhtháthú i gcláir chaiteachais an Aontais agus go ndireoidh sé 20% de bhuiséad an Aontais ar chuspóirí a bhaineann leis an aeráid. Is tábhachtach a áirithiú go gcuirtear maolú an athraithe aeráide agus oiriúnú dó, chomh maith le cosc ar riosca agus bainistíocht riosca, chun cinn agus tionscadail leasa choitinn á n-ullmhú, á ndearadh agus á gcur chun feidhme. Ba cheart d'infheistíochtaí bonneagair atá cumhdaithe faoin Rialachán seo rannchuidiú leis an aistriú go geilleagar agus sochaí ísealcharbóin atá athléimneach i leith an athraithe aeráide agus tubaistí a chur chun cinn.
- (6) Ina Rún, an 8 Meitheamh 2011, maidir le "Infheistíocht a dhéanamh sa todhchaí: Creat Airgeadais Ilbhliantúil nua ("CAI") le haghaidh Eoraip atá iomaíoch, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach" (*"Investing in the Future: a new Multiannual Financial Framework ("MFF") for a competitive, sustainable and inclusive Europe"*), chuir Parlaimint na hEorpa béim ar an ngá atá ann le cur i gcrích gasta Chlár Oibre Digiteach an Aontais a áirithiú agus le leanúint d'iarrachtaí i dtreo na spriocanna atá leagtha síos a bhaint amach faoi 2020, is é sin le rá rochtain ar idirlíon ardluais a chur ar fáil do shaoránaigh uile an Aontais, lena n-áirítear i réigiúin bheagfhorbartha¹⁶. Thug an Pharlaimint chun suntais, freisin, go bhfuil ról lárnach ag infheistíochtaí i mbonneagar éifeachtach iompair don Eoraip i gcosaint a hiomaíochais agus go n-osclaíonn siad an bealach d'fhás eacnamaíoch fadtéarmach tar éis géarchéime agus go bhfuil an Gréasán Tras-Eorpach Iompair ("TEN-T") fíor-riachtanach chun feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh a ráthú agus breisluach tábhachtach de chuid an Aontais a sholáthar. Chuir an Pharlaimint in iúl gur chreid sí go láidir gur cheart, dá réir sin, TEN-T a bheith ina eochair-thosaíocht sa chéad CAI eile agus go bhfuil gá le méadú ar chistí TEN-T sa chéad CAI eile. Ina theannta sin, chuir an Pharlaimint béim ar an ngá atá ann le tionchar chistiú an Aontais a uasmhéadú agus ar an deis a thugann na Cistí Comhtháthaithe agus Struchtúracha agus na hionstraimí airgeadais cistiú a thabhairt d'eochair-thionscadail bhonneagair tosaíochta fuinnimh náisiúnta agus Eorpacha trasteorann agus d'aibhsigh sí an gá atá ann le leithdháileadh substaintiúil ó bhuiséad an Aontais d'ionstraimí airgeadais sa réimse seo.
- (7) An 28 Márta 2011, ghlac an Coimisiún an Páipéar Bán "Treochlár i dtreo Limistéir Aonair Iompair — I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de" (*"A Roadmap to a Single Transport Area — Towards a competitive and resource-efficient transport system"*)¹⁷. Is é is aidhm don Pháipéar Bán astaíochtaí gáis cheaptha teasa earnáil an iompair a laghdú faoi, ar a laghad, 60% faoi 2050 i gcomparáid le 1990. A fhad is a bhaineann le bonneagar, tá sé mar aidhm ag an bPáipéar Bán 'croíghréasán' TEN-T ilmhódach uile-Eorpach atá ag feidhmiú go hiomlán a bhunú faoi 2030. Tá sé mar aidhm freisin ag an bPáipéar Bán feidhmíocht na slabhraí lóistíochta ilmhódacha a bharrfheabhsú, lena n-áirítear trí níos mó úsáide a bhaint as níos mó modhanna atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de. Dá bhrí sin, leagann

¹⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal "Gníomh um an Margadh Aonair: Dhá luamhán déag chun borradh a chur faoi fhás agus muinín a neartú "Oibriú le chéile chun fás nua a chruthú" (*"Single Market Act Twelve levers to boost growth and strengthen confidence "Working together to create new growth"*), 13.4.2011, COIM (2011) 206 críochnaitheach.

¹⁶ Rún ó Pharlaimint na hEorpa, 2010/2211(INI)

¹⁷ Treochlár i dtreo Limistéir Aonair Iompair (*A Roadmap to a Single Transport Area*) (COIM(2011) 144).

sé amach na spriocanna ábhartha seo a leanas do bheartas TEN-T: ba cheart 30% de lastas bóthair thar 300 km a aistriú go modhanna eile faoi 2030, agus níos mó ná 50% faoi 2050; ba cheart méadú faoi thrí a bheith ar fhad an ghréasáin iarnróid ardluais atá ann cheana faoi 2030 agus, faoi 2050, ba cheart an chuid is mó d'iompar paisinéirí meán-achair a dhéanamh d'iarnród; faoi 2050, ba cheart aerfoirt uile an chroíghréasáin a bheith nasctha leis an ngréasán iarnróid; na calafoirt go léir a bheith nasctha leis an lastas iarnróid agus, i gcás inar féidir, le córas na n-uiscebhealaí intíre.

- (8) Ina Rún, an 6 Iúil 2010, maidir le todhchaí inbhuanaithe le haghaidh iompair¹⁸ thug Parlaimint na hEorpa chun suntais go n-éilíonn beartas iompair éifeachtúil creat airgeadais atá feiliúnach do na dúshláin a thagann chun cinn agus gur cheart, chuige sin, na hacmhainní reatha le haghaidh iompair agus soghluaisteachta a mhéadú; mheas sí freisin gur ghá saoráid a chruthú chun an úsáid a bhaintear as foinsí éagsúla maoinithe iompair, cistí atá ar fáil faoin mbeartas comhtháthaithe, comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha (CPPanna) nó ionstraimí eile airgeadais, amhail ráthaíochtaí, a chomhordú.
- (9) Ina conclúidí, an 11 Meitheamh 2009, maidir leis an athbhreithniú ar bheartas TEN-T¹⁹, d'athdheimhnigh an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (TTE), an gá atá ann le leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar iompair chun forbairt cheart TEN-T i ngach modh iompair a áirithiú, rud a bheadh mar bhonn leis an margadh inmheánach agus iomaíochas, comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais agus a nasc le tíortha comharsanachta, agus aird á díriú ar an mbreisluach Eorpach. Leag an Chomhairle béim ar an ngá atá ann go gcuirfidh an Comhphobal na hacmhainní airgeadais is gá ar fáil chun infheistíocht i dtionscadail TEN-T a spreagadh agus, go háirithe, ar an ngá atá ann a áirithiú nach gcuirfidh srianta institiúideacha an chreata ríomhchláraithe airgeadais bac ar an mbuiséad TEN-T maoiniú leordhóthanach a thabhairt do na tionscadail tosaíochta a bhfuil codanna ábhartha trasteorann i gceist leo agus a mairfeadh a gcur chun feidhme níos faide ná 2013. Dar leis an gComhairle, ba cheart cur chuige atá bunaithe ar CPPanna a fhorbairt tuilleadh agus tacú leo sa chomhthéacs sin i gcás inarb iomchuí.
- (10) Ar bhonn na gcuipóirí atá leagtha amach sa Pháipéar Bán, déanann na treoirlínte TEN-T mar atá siad leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ...²⁰ bonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair a shainnigh, na ceanglais atá le comhlíonadh aige a shonrú agus déanann siad foráil maidir le bearta dá gcur chun feidhme. Tá sé beartaithe sna Treoirlínte go háirithe go gcomhlánófar an croíghréasán faoi 2030.
- (11) Bunaithe ar anailís ar phleananna na mBallstát maidir le bonneagair iompair, measann an Coimisiún gurb ionann riachtanais infheistíochta in iompar agus EUR 500 billiún sa ghréasán TEN-T ina iomláine sa tréimhse 2014-2020, as a mbeidh gá le EUR 250 billiún réamh-mheasta a infheistiú i gcroíghréasán an TEN-T. Ba cheart, dá bhrí sin, tacaíocht a dhíriú ar an gcroíghréasán (go háirithe, conairí an chroíghréasáin) agus ar na tionscadail leasa choitinn i réimse na gcóras bainistíochta tráchta (go mór mór na córais bhainistíochta aerthráchta a bhí

¹⁸ Rún ó Pharlaimint na hEorpa, 2009/2096(INI)

¹⁹ Doiciméad 10850/09 ón gComhairle

²⁰ IO L ..., lch.

mar thoradh ar SESAR agus a éilíonn thart ar EUR 3 bhiliún d'acmhainní buiséadacha an Aontais).

- (12) Laistigh de chreat an athbhreithnithe ar bheartas TEN-T a seoladh i mí Feabhra 2009, cruthaíodh sainghrúpa tiomanta le tacú leis an gCoimisiún agus chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheist na straitéise maoinithe agus na bpeirspictíochtaí airgeadais don TEN-T. Bhain Sainghrúpa Uimh. 5 leas as taithí saineolaithe seachtracha ó réimsí éagsúla: bainisteoirí bonneagair, pleanálaithe bonneagair, ionadaithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, saineolaithe comhshaoil, lucht acadúil, agus ionadaithe na hearnála príobháidí. Tá 40 moladh i dtuarascáil deiridh Shainghrúpa Uimh. 5²¹ a glacadh in Iúil 2010, agus tá cuid acu sin curtha san áireamh sa togra seo.
- (13) Léiríonn taithí ar an gcreat airgeadais reatha go bhfuil bacainní suntasacha roimh a lán Ballstát, atá incháilithe don Chiste Comhtháthaithe, chun tionscadail bhonneagair iompair trasteorann atá casta agus a mbaineann breisluach Aontais ard leo a chur i gcích in am. Dá bhrí sin, chun cur i gcích tionscadal iompair a fheabhsú, go háirithe tionscadail trasteorann, a mbaineann breisluach Aontais ard leo, ba cheart cuid de leithdháileadh an Chiste Chomhtháthaithe (EUR 10 mbilliún²²) a aistriú chun tionscadail iompair a mhaoiniú ar an gcroíghríasán iompair sna Ballstáit atá incháilithe don Chiste Comhtháthaithe faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Ba cheart don Choimisiún cuidiú le Ballstáit atá incháilithe don Chiste Comhtháthaithe líon leordhóthanach tionscadal a bheith acu ar na bacáin chun an tosaíocht is mó is féidir a thabhairt do na leithdháiltí náisiúnta faoin gCiste Comhtháthaithe.
- (14) Sa Teachtaireacht maidir le “Tosaíochtaí bonneagair fuinnimh do 2020 agus ina dhiaidh sin – Treoirphlean do ghréasán fuinnimh comhtháite” (*“Energy infrastructure priorities for 2020 and beyond – a Blueprint for an integrated energy network”*), arna glacadh i Samhain 2010²³, shainaithin an Coimisiún na conairí tosaíochta, a bhfuil gá leo chun go mbeidh an tAontas in ann a chuid spriocanna fuinnimh agus aeráide uailmhianacha a bhaint amach faoi 2020, eadhon an margadh fuinnimh inmheánach a chomhlánú, slándáil an tsoláthair a áirithiú, comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh a chumasú agus chun na gréasáin a ullmhú leis an gcóras fuinnimh a dhécharbónú tuilleadh tar éis 2020.
- (15) Tá infheistíochtaí móra ag teastáil chun bonneagar fuinnimh na hEorpa a nua-aoisiú agus a fhairsingiú agus chun gréasáin a idirnascaidh thar theorainneacha chun cuspóirí bheartas fuinnimh agus aeráide an Aontais maidir le hiomaíochas, inbhuanaitheacht agus slándáil an tsoláthair a bhaint amach ar bhealach cost-éifeachtach. Is ionann na riachtanais infheistíochta mheasta i mbonneagar fuinnimh idir seo agus 2020 agus EUR 1 trilliún, agus as sin meastar go n-infheisteofar timpeall EUR 200 billiún i mbonneagair tarchurtha agus stórála leictreachais agus gáis a bhfuil leas Eorpach ag baint leo. I measc na dtionscadal a bhfuil leas Eorpach ag baint leo, tá baol ann nach ndéanfar thart ar EUR 100 billiún d’infheistíochtaí de bharr bacainní a bhaineann le deonú ceada, rialáil agus maoiniú.

²¹ http://ec.europa.eu/transport/infrastructure/TEN-T-policy/review/doc/expert-groups/expert_group_5_final_report.pdf

²² I bpraghsanna 2011.

²³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal “Tosaíochtaí bonneagair fuinnimh do 2020 agus ina dhiaidh sin – Treoirphlean do ghréasán fuinnimh comhtháite” (*“Energy infrastructure priorities for 2020 and beyond – a Blueprint for an integrated energy network”*), 17.11.2010, COIM(2010) 677 críochnaitheach.

- (16) Éilíonn an phráinn a bhaineann le bonneagar fuinnimh na todhchaí a fhorbairt, agus an méadú suntasach ar líon na n-infheistíochtaí i gcomparáid le treochtaí roimhe seo, go n-athrófar an bealach a dtacaítear le bonneagar fuinnimh ar leibhéal an AE. Ina cuid conclúidí²⁴, d'fhormhuinigh an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (TTE), an 28 Feabhra 2011, na conairí fuinnimh mar thosaíochtaí don Eoraip.
- (17) D'iarr Comhairle Eorpach an 4 Feabhra 2011²⁵ ar an gCoimisiún nósanna imeachta údarúcháin a shruthlíniú agus a fheabhsú, agus creat rialála atá tarraingteach d'infheistíocht a chur chun cinn. Thug an Chomhairle Eorpach chun suntais go gcaithfidh an margadh formhór na hinfeistíochta a dhéanamh agus go ngnóthófaí na costais trí tharaifí. D'aithin an Chomhairle go bhfuil gá le hairgeadas poiblí do thionscadail a bhfuil gá leo ó thaobh slándála soláthair nó dlúthpháirtíochta de, tionscadail nach raibh in ann maoiniú margadh-bhunaithe a mhealladh.
- (18) Tugann Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... [Treoirínte do bhonneagar tras-Eorpach fuinnimh]²⁶ sainmhíniú ar thosaíochtaí tras-Eorpacha i ndáil le bonneagar fuinnimh, ar cheart iad a chur chun feidhme faoi 2020 chun cuspóirí bheartas fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach; socraíonn sé rialacha chun tionscadail leasa choitinn a bhfuil gá leo do chur chun feidhme na dtosaíochtaí sin a shainaithint, tugann sé bearta isteach i réimsí an deonaithe ceada, na rannpháirtíochta poiblí agus na rialála chun cur chun feidhme na dtionscadal sin a luathú agus/nó a éascú, lena n-áirítear critéir maidir le hincháilitheacht ghinearálta na dtionscadal sin do chabhair airgeadais an Aontais.
- (19) Bonneagar idirlíonbhunaithe a bhíonn sa teileachumarsáid níos minice anois ná riamh, agus bíonn dlúthbhaint ag gréasáin leathanbhanda le seirbhísí digiteacha. Tá ardán ceannasach á dhéanamh den idirlíon anois le haghaidh cumarsáide, chun seirbhísí a thairiscint agus gnó a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá infhaighteacht thras-Eorpach ar rochtain ghasta ar an idirlíon agus ar sheirbhísí digiteacha bunriachtanach d'fhás eacnamaíoch agus don Mhargadh Aonair.
- (20) Is bonneagar fíor-riachtanach don todhchaí iad gréasáin idirlín nua-aimseartha snáithínbhunaithe i dtéarmaí nascachta do chuideachtaí Eorpacha, go háirithe FBManna ar mian leo néalríomhaireacht a úsáid chun cost-éifeachtúlacht a fheabhsú.
- (21) Iarrtar le Straitéis Eoraip 2020²⁷ an Clár Oibre Digiteach don Eoraip²⁸ a chur chun feidhme, clár lena mbunaítear creat dlíthiúil cobhsaí chun infheistíochtaí a spreagadh i mbonneagar idirlín ardluais atá oscailte agus iomaíoch agus i seirbhísí gaolmhara. D'fhormhuinigh Comhairle Eorpach Mheitheamh 2010 an Clár Oibre Digiteach don Eoraip agus d'iarr sí ar gach institiúid tabhairt faoina chur chun feidhme iomlán²⁹.
- (22) An 31 Bealtaine 2010, tháinig an Chomhairle ar an gconclúid gur cheart don Eoraip na hacmhainní is gá a úsáid chun margadh aonair digiteach a fhorbairt, bunaithe ar idirlíon gasta

²⁴ Doiciméad 6950/11 ón gComhairle.

²⁵ EUCO 2/1/11

²⁶ IO L ..., lch.

²⁷ COIM(2010) 2020 leagan críochnaitheach 3.3.2010.

²⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal “Clár Oibre Digiteach don Eoraip (A Digital Agenda for Europe)”, 26.8.2010, COIM(2010)245 leagan críochnaitheach/2.

²⁹ Conclúidí na Comhairle Eorpaí ar straitéis Eorpach nua le haghaidh fáis agus post – Bailchríoch a chur ar Straitéis Eoraip 2020 agus í a chur chun feidhme, an 17 Meitheamh 2010.

agus sárghasta agus ar fheidhmchláir idir-inoibritheacha, agus d'aithin sí go mbeadh infheistíocht éifeachtúil agus iomaíoch i ngréasáin leathanbhanda den chéad ghlúin eile tábhachtach do nuálaíocht, do rogha na dtomhaltóirí agus d'iomaíochas an Aontais agus go bhféadfadh sí mianach saoil níos fearr a sholáthar trí chúram sláinte níos fearr, iompar níos sábháilte, deiseanna nua de chuid na meán agus rochtain níos éasca ar earraí agus seirbhísí, go háirithe thar theorainneacha³⁰.

- (23) Is cosúil go bhfuil na dreasachtaí príobháideacha chun infheistíocht a dhéanamh i ngréasáin leathanbhanda an-ghasta níos ísle ná na sochair atá ann don tsochaí ina hiomláine. Meastar go mbeidh gá le hinfeistíocht suas le EUR 270 billiún chun cuspóir an Chláir Oibre Dhigitigh, is é sin rochtain ar idirlíon gasta a sholáthar do shaoránaigh agus do ghnóthaí uile na hEorpa, a bhaint amach. In éagmais idirghabháil an Aontais, áfach, níltear ag súil le hinfeistíocht níos mó ná EUR 50 billiún ón earnáil phríobháideach idir seo agus 2020. Constaic mhór do sholáthar bonneagair a bheidh sa bharna infheistíochta a thioctaidh as sin, cé go bhfuiltear ag brath air, ag an am céanna, le haghaidh an Mhargaidh Aonair Dhigitigh, go mbeidh gach saoránach nasctha le chéile trí bhonneagar an todhcháí.
- (24) Is gá gréasáin láidre chomhsheasmhacha a fhorbairt ar fud an AE le go bhféadfar gníomhaíochtaí atá chun leasa an phobail, lena bhfuil baint ag gníomhaithe poiblí agus gníomhaithe na sochaí sibhialta ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, a sheachadadh go digiteach agus, chuige sin, tá sé bunriachtanach maoiniú struchtúrtha AE na gcostas a bhaineann le dearadh an chórais agus na bhfeidhmchlár a áirithiú, chomh maith le moil athléimnigh a chothabháil do na gréasáin sin, chun nach mbeidh ar bhuiséid na n-oibreoirí eacnamaíocha náisiúnta ach na costais arna dtabhú laistigh den tír a chlúdach.
- (25) Tá gá le roinnt modhanna cur chun feidhme agus éilíonn siad rátaí maoinithe éagsúla chun éifeachtúlacht agus tionchar chabhair airgeadais an Aontais a mhéadú, infheistíocht phríobháideach a spreagadh, agus chun freagairt do riachtanais shonracha tionscadal aonair.
- (26) I réimse na teileachumarsáide beidh ráta maoinithe níos airde ón Aontas ag teastáil ó ardáin croisheirbhísí áirithe trína n-áirithítear idir-inoibritheacht thras-Eorpach, go háirithe sa chéim thionscnaimh, agus urramófar prionsabal an chómhaoinithe ag an am céanna.
- (27) D'fhéadfadh sé gur ghá don Choimisiún, don Bhallstát agus/nó a dtairbhíthe trealamh a fháil agus a shuiteáil an tráth céanna, go háirithe ar leibhéal na gcroisheirbhísí, chun idir-inoibritheacht trasteorann a áirithiú in imscaradh tionscadal bonneagair ar scála mór. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh sé gur ghá cabhair airgeadais an Aontais a leithdháileadh ar éadálacha arna ndéanamh ag soláthraithe bonneagair i mBallstáit, bíodh sin thar a gceann féin nó i gcomhar leis an gCoimisiún. A bhuí leis na forálacha sin, is féidir ilfhoinsiú a dhéanamh, a bhféadfadh gá a bheith leis, *inter alia*, chun foráil a dhéanamh maidir le socruithe ilteangacha, chun slándáil an tsoláthair a áirithiú agus/nó chun iomarcaíocht ghréasáin a chur chun feidhme, ar iomarcaíocht í a bhfuil gá léi chun aga neamhfhónaimh an ghréasáin bhonneagair a dhíothú, ar aga neamhfhónaimh é a bhféadfadh pointe amháin teipe a bheith ina chúis leis.

³⁰ Conclúidí na Comhairle maidir leis an gClár Oibre Digiteach don Eoraip – 3017ú cruinniú de chuid na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh sa Bhruiséil, an 31 Bealtaine 2010

- (28) Is minic a bhíonn tionchar ag leibhéal ard teipeanna margaidh ar sheirbhísí cineálacha i réimsí a bhaineann le leas an phobail (amhail croísheirbhísí). Dar ndóigh, baineann na réimsí a bhfuil cistí le tabhairt dóibh le soláthar seirbhísí poiblí (imscaradh agus idir-inoibritheacht ar scála mór na r-shláinte, an r-aitheantais, an r-sholáthair) agus, ar an ábhar sin, ní réimsí tráchtála iad, de réir sainmhíniú, ag an bpointe tosaigh. Ina theannta sin, más rud é nach dtugtar cistí ach do chroísheirbhísí, is é an dúshlán a bheadh ann na dreasachtaí cearta a chruthú ar leibhéal na mBallstát agus ar an leibhéal réigiúnach chun seirbhísí atá chun leasa an phobail a imscaradh i ndáiríre: is amhlaidh atá, go háirithe de bharr easpa dreasachtaí ar an leibhéal náisiúnta chun córais náisiúnta a nascadh leis na croíchórais (agus, dá bhrí sin, chun na dálaí a fhorbairt d'idir-inoibritheacht agus do sheirbhísí trasteorann) agus, freisin, de bhrí nach n-áiritheodh infheisteoirí príobháideacha, agus iad ag feidmiú leo féin, imscaradh seirbhísí laistigh de chreataí idir-inoibritheacha.
- (29) Déanann na treoirlínte digiteacha mar atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ...³¹ [treoirlínte INFOS] an próiseas agus na critéir le haghaidh maoiniú agus na catagóirí éagsúla infheistíochta a shainaithint.
- (30) Sa Chreatchlár a bheidh ann do Thaighde agus Nuálaíocht – Fís 2020, díreofar, i measc nithe eile, ar dhul i ngleic le dúshlán shochoaíocha (e.g. córas iompair cliste comhtháite glas agus fuinneamh slán glan éifeachtúil, agus seirbhísí sláinte agus rialtais atá nasctha le teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide, agus forbairt inbhuanaithe) chun freagairt go díreach do na dúshlán arna sainaithint i Straitéis Eoraip 2020 trí thacú le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an speictream iomlán ó thaighde go dtí an margadh. Tacóidh Horizon 2020 le gach céim sa slabhra nuálaíochta, go háirithe gníomhaíochtaí atá níos gaire don mhargadh, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais. Le go mbeidh tionchar níos mó ag cistiú an Aontais agus chun comhsheasmhacht a áirithiú, forbróidh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa dlúthshineirgíochtaí le Horizon 2020.
- (31) Is páirtithe iad an tAontas Eorpach agus formhór na mBallstát i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus tá sé á dhaingniú ag na Ballstáit eile. Is tábhachtach i gcur chun feidhme na dtionscadal ábhartha go ndéantar inrochtaineacht do dhaoine atá faoi mhíchumas, mar atá luaite in Airteagal 9 den Choinbhinsiún, a chur san áireamh i sonraíocht na dtionscadal.
- (32) Ba cheart do na hionstraimí airgeadais atá le cur chun feidhme faoin Rialachán seo na rialacha dá bhforáiltear i dTeideal VIII de Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Rialachán Nua Airgeadais] agus sa Ghníomh Tarmlichte a léiriú, agus ba cheart dóibh a bheith ag teacht le rialacha dea-chleachtais is infheidhme maidir le hionstraimí airgeadais³².
- (33) Déanfaidh údaráis phoiblí athmheasúnú ar a gcláir infheistíochta bonneagair, nó tá athmheasúnú déanta acu orthu cheana, de bharr beart foscach in a lán Ballstát. Sa chomhthéacs sin, breathnaíodh ar CPPanna mar mhodh éifeachtach chun tionscadail bhonneagair a chur i gcrích, ar tionscadail iad a áirithíonn go mbaintear cuspóirí beartais amach, amhail athrú aeráide a chomhrac, foinsí fuinnimh malartacha a chur chun cinn, chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní, tacú le hiompar inbhuanaithe agus imscaradh gréasán leathanbhanda.

³¹ IO L ..., lch.

³² COIM(2011)xxx, Creat don chéad ghlúin eile d'ionstraimí airgeadais

Ina Theachtaireacht maidir le CPPanna, an 19 Samhain 2009³³, gheall an Coimisiún go bhfeabhsódh sé an rochtain ar airgeadas do CPPanna trí raon feidhme ionstraimí airgeadais atá ann cheana a leathnú.

- (34) Cé gur féidir le margaí agus bearta rialála formhór na hinfheistíochta faoi Straitéis Eoraip 2020 a dhéanamh, beidh gá le hidirghabhálacha poiblí agus tacaíocht ón Aontas trí dheontais agus ionstraimí airgeadais nuálaíocha chun dul i ngleic le dúshlán an mhaoinithe. Ba cheart ionstraimí airgeadais a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha de chuid an mhargaidh, i gcomhréir le cuspóirí an SCE, agus níor cheart go ngabhfadh siad ionad an mhaoinithe phríobháidigh. Roimh chinneadh a dhéanamh ionstraimí airgeadais a úsáid, ba cheart don Choimisiún measúnuithe *ex-ante* a dhéanamh ar na hionstraimí sin.
- (35) D'aibhsigh Athbheithniú Bhuiséad an AE³⁴ gur cheart do thionscadail a bhfuil acmhainneacht tráchtála fhadtéarmach acu úsáid a bhaint as cistí an Aontais i gcomhpháirtíocht leis na hearnálacha airgeadais agus baincéireachta, go háirithe an Banc Eorpach Infheistíochta ("BEI") agus institiúidí airgeadais poiblí na mBallstát, ach freisin le hinstiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile agus leis an earnáil airgeadais phríobháideach.
- (36) I Straitéis Eoraip 2020, gheall an Coimisiún ionstraimí airgeadais an Aontais a úsáid mar chuid de straitéis mhaoinithe chomhsheasmhach, a thugann le chéile maoiniú poiblí agus príobháideach náisiúnta agus an Aontais do bhonneagair. Tá sé seo bunaithe ar an réasúnaíocht gur féidir le hionstraimí airgeadais seachas deontais dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtúla, i mórán cásanna, le cásanna infheistíochta fo-optamacha agus le lochtanna margaidh.
- (37) Ba cheart don tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ionstraimí airgeadais a mholadh chun rannpháirtíocht shubstantiúil infheisteoirí agus institiúidí airgeadais na hearnála poiblí in infheistíocht bhonneagair a chur chun cinn. Chun go mbeidh siad tarraingteach go leor don earnáil phríobháideach, ní mór ionstraimí airgeadais a dhearadh agus a chur chun feidhme, agus aird chuí á tabhairt ar an ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú, agus cuimhne á coinneáil, ag an am céanna, ar leibhéal solúbthachta chun a bheith in ann freagairt do riachtanais mhaoinithe shainaitheanta ar bhealach solúbtha. Ba cheart, agus na hionstraimí sin á ndearadh, leas a bhaint as an taithí a fuarthas i gcur chun feidhme ionstraimí airgeadais i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2007-2013, amhail an Ionstraim Ráthaíochta Iasachta do thionscadail TEN-T (LGTT), an tSaoráid Airgeadais Roinnte Riosca (RSFF) agus an Ciste Eorpach 2020 le haghaidh Fuinnimh, an Athraithe Aeráide, agus Bonneagair (an "Ciste Marguerite").
- (38) Cé gur cheart an chuid is mó d'ionstraimí airgeadais a bheith coiteann do gach earnáil, d'fhéadfadh baint shonrach a bheith ag roinnt acu le hearnálacha aonair. Measann seirbhísí an Choimisiúin, cé go mbraithfeadh an tacaíocht airgeadais do leathanbhanda go príomha ar ionstraimí airgeadais, ó thaobh iompair agus fuinnimh de, nár cheart an méid acmhainní

³³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: "Tairbhe a bhaint as infheistíocht phríobháideach agus phoiblí i gcomhair téarnaimh agus athrú fhadtéarmaigh struchtúraigh: Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí a fhorbairt" ("*Mobilising private and public investment for recovery and long term structural change: developing Public Private Partnerships*"), COIM(2009) 615 críochnaitheach.

³⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig na Parlaimintí Náisiúnta dar teideal "Athbheithniú Bhuiséad an AE" ("*The EU Budget Review*"), 19.10.2010, COIM(2010) 700 críochnaitheach.

buiséadacha de chuid an Aontais atá ag teastáil d'ionstraimí airgeadais a bheith níos mó ná EUR 2 bhiliún agus EUR 1 bhiliún faoi seach.

- (39) Chun éagsúlú earnálach tairbhithe ionstraimí airgeadais a áirithiú, chomh maith le héagsúlú geografach, de réir a chéile, ar fud na mBallstát a spreagadh, ba cheart don Choimisiún, i gcomhpháirtíocht leis an BEI, trí thionscnaimh chomhpháirteacha amhail an tIonad Eorpach Saineolais maidir le CPPanna (EPEC) agus Jaspers, tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun líon leordhóthanach tionscadal ar na bacáin a fhorbairt a bhféadfaí maoiniú tionscadail a thabhairt dóibh.
- (40) Maidir leis na coinníollacha a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le ceanglais bhreise a chur leis na Cláir Oibre, mar shampla chun margáí iomaíocha a áirithiú i bhfianaise na forbartha ar bheartais an Aontais, forbairtí teicneolaíocha agus tosca eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha amach anseo.
- (41) Ba cheart do chlárú ilbhliantúil do thacaíocht ón tSaoráid a bheith dírithe ar thacaíocht do thosaíochtaí an Aontais trí infhaighteacht na n-acmhainní airgeadais riachtanacha, agus comhsheasmhacht agus leanúnachas ghníomhaíocht chomhpháirteach an Aontais agus na mBallstát, a áirithiú. Maidir le tograí arna dtíolacadh tar éis chur chun feidhme an chéad chlár oibre ilbhliantúil i réimse an iompair, ba cheart d'incháilitheacht na gcostas tosú an 1 Eanáir 2014 chun leanúnachas tionscadal atá cumhdaithe cheana ag Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le cabhair airgeadais Chomhphobail a dheonú i réimse na ngréasán tras-Eorpach iompair agus fuinnimh a áirithiú³⁵.
- (42) Toisc buiséad mór a bheith ag teastáil chun roinnt tionscadal bonneagair a chur chun feidhme, ba cheart féidearthacht a bheith ann ceangaltais bhuiséadacha a bhaineann leis an gcúnamh airgeadais do roinnt gníomhaíochtaí a roinnt i dtráthchodanna bliantúla.
- (43) Ba cheart don Choimisiún meastóireachtaí meántéarmacha agus *ex-post* a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an mhaoinithe agus ar a thionchar ar spriocanna foriomlána na Saoráide agus ar thosaíochtaí Straitéis Eoraip 2020.
- (44) Ar bhonn na dtreoirlínte a bhaineann go sonrath le gach earnáil agus atá leagtha síos i Rialacháin ar leith, rinneadh liosta réimsí tosaíochta ar cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leo a tharraingt suas, agus ba cheart é a bheith ar áireamh san Iarscríbhinn. Chun athruithe féideartha i dtosaíochtaí polaitiúla agus i gcumais theicneolaíocha a chur san áireamh, chomh maith le sreabha tráchta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghlacadh. Tá sé rithábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, a áirithiú go ndéantar doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

³⁵ IO L 162, 22. 6.2007, lch. 1.

- (45) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le cláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún³⁶.
- (46) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 2236/95 an 18 Meán Fómhair 1995³⁷ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le cabhair airgeadais Chomhphobail a dheonú i réimse na ngréasán tras-Eorpach iompair agus Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a aisghairm dá réir sin.
- (47) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha feadh an timhrialla chaiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, gnóthú cistí a cailleadh, a íocadh nó a úsáideadh go mícheart agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis.
- (48) B'fhéidir go mbeidh gá le roinnt de na tionscadail bhonneagair atá chun leasa an AE a nascadh le tíortha comharsanachta, tíortha réamhaontachais agus tríú tíortha eile agus go ngabhfaidh siad trí na tíortha sin. Ba cheart don tSaoráid um Chónascadh na hEorpa modhanna simplithe a chur ar fáil chun na bonneagair sin a nascadh agus a mhaoiniú, chun comhtháthú a áirithiú idir ionstraimí inmheánacha agus seachtracha de chuid bhuiséad an Aontais.
- (49) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an ghníomhaíocht atá le déanamh, eadhon forbairt agus maoiniú na ngréasán tras-Eorpach, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr is féidir, dá bhrí sin, iad a bhaint amach, de bharr gur gá na cuspóirí sin a chomhordú, ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach freisin san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

³⁶ IO L 55, 28. 2.2011, lch. 13.

³⁷ IO L 228, 23.9.1995, lch. 1.

TEIDEAL I FORÁLACHA COITEANNA

CAIBIDIL I AN tSAORÁID UM CHÓNASCADH NA hEORPA

Airteagal 1 Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus cinntear na coinníollacha, na modhanna agus na nósanna imeachta chun cabhair airgeadais ón Aontas a sholáthar do ghréasáin thras-Eorpacha chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail i réimse na mbonneagar iompair, fuinnimh agus teileachumarsáide.

Airteagal 2 Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (2) ciallaíonn "tionscadal leasa choitinn" tionscadal arna shainiú i Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [le críochnú nuair a bheidh sé glactha agus lena n-áireofar an dáta a glacadh agus ainmneacha iomlána] [Treoirlínte TEN-T]³⁸, Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [le críochnú nuair a bheidh sé glactha agus lena n-áireofar an dáta a glacadh agus ainmneacha iomlána] [Treoirlínte maidir le bonneagar fuinnimh tras-Eorpach]³⁹ nó Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte INFSO] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [le críochnú nuair a bheidh sé glactha agus lena n-áireofar an dáta a glacadh agus ainmneacha iomlána]⁴⁰;
- (3) ciallaíonn "cuid trasteorann" an chuid a áiríthíonn leanúnachas tionscadail leasa choitinn idir dhá Bhallstát ar a laghad nó idir Ballstát agus tír chomharsanachta;
- (4) ciallaíonn "oibreacha", faoi mar a bheidh, ceannach, soláthar agus imscaradh comhpháirteanna, córas agus seirbhísí lena n-áirítear bogearraí, cur i gcrích gníomhaíochtaí forbartha agus tógála agus suiteála a bhaineann le tionscadal, glacadh le suiteálacha agus tionscadal a sheoladh;
- (5) ciallaíonn "staidéir" gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun cur chun feidhme tionscadal a ullmhú, amhail staidéir ullmhúcháin, staidéir féidearthachta, staidéir mheastóireachta, staidéir thástála agus bhailíochtaithe, lena n-áirítear i bhfoirm bogearraí, agus aon bhirt tacaíochta

³⁸ IO L ..., lch.

³⁹ IO L ..., lch.

⁴⁰ IO L ..., lch.

teicniúla eile, lena n-áirítear réamhghníomhaíocht chun tionscadal a shainmhíniú agus a fhorbairt agus chun cinneadh a dhéanamh maidir lena mhaoiniú, amhail taiscéalaíocht na suíomh lena mbaineann agus ullmhú an phacáiste airgeadais;

- (6) ciallaíonn “gníomhaíochtaí tacaíochta cláir” bearta tionlacain is gá chun an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus treoirlínte aonair a bhaineann go sonrach le hearnáil a chur chun feidhme, amhail seirbhísí (go mór mór cúnaimh teicniúil), chomh maith le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, féidearthachta, comhordaithe, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta a bhfuil gá díreach leo chun an tsaoráid sin a bhainistiú agus a cuid cuspóirí a bhaint amach, agus go háirithe staidéir, cruinnithe, gníomhaíochtaí faisnéise, mapáil bonneagair, nascadh, scaipeadh, ardú feasachta agus gníomhaíochtaí cumarsáide, speansais atá nasctha le gréasáin TF a dhíríonn ar mhalartú faisnéise, in éineacht leis na speansais uile eile cúnaimh, idir theicniúil agus riaracháin, a d'fhéadfadh a bheith de dhíth chun an tsaoráid sin a bhainistiú nó chun na treoirlínte aonair a bhaineann go sonrach le gach earnáil a chur chun feidhme;
- (7) ciallaíonn “gníomhaíocht” aon ghníomhaíocht atá riachtanach chun tionscadal leasa choitinn a chur chun feidhme agus atá neamhspleách ó thaobh airgeadais de, ar bhonn teicniúil de nó le himeacht ama;
- (8) beidh an bhrí chéanna le “costais incháilithe” agus atá leis sa Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 ón gCoimisiún [Rialachán Nua Airgeadais];
- (9) ciallaíonn “tairbhí” Ballstát, eagraíocht idirnáisiúnta, gnóthas poiblí nó príobháideach atá roghnaithe chun cabhair airgeadais a fháil faoin Rialachán seo agus de réir na rialacha mionsonraithe atá sonraithe i ngach Clár Oibre;
- (10) ciallaíonn “comhlacht cur chun feidhme” gnóthas poiblí nó príobháideach nó comhlacht arna ainmniú ag tairbhí, i gcás inar Ballstát nó eagraíocht idirnáisiúnta an comhlacht, chun an gníomhaíocht a chur chun feidhme. Is é an tairbhí a dhéanfaidh cinneadh faoin ainmniúchán sin faoina fhreagracht féin agus, má éilíonn sé dámhachtain chonradh soláthair poiblí, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí;
- (11) ciallaíonn “croíghréasán” an bonneagar iompair atá sainaitheanta de réir Chaibidil III de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 (Treoirlínte TEN-T);
- (12) ciallaíonn “conairí an chroíghréasáin” ionstraim chun cur chun feidhme comhordaithe an chroíghréasáin dá bhforáiltear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 (Treoirlínte TEN-T) agus atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a éascú;
- (13) ciallaíonn “scrogall” bac fisiceach a dtarlaíonn cliseadh an chórais dá thoradh, cliseadh a mbíonn tionchar aige ar leanúnachas sreabha fadtéarmacha. Is féidir le bonneagar nua amhail droichid nó tolláin a dheileáil le fadhbanna, mar shampla grádáin, gathanna cuair agus leithead, bac dá leithéid a ionsú. Ní bhreathnófar ar an ngá le bonneagar atá ann cheana a uasghrádú mar scrogall;

- (14) ciallaíonn “tosaíocht” aon cheann de na tosaíochtaí bonneagair fuinnimh 1 go dtí 8 agus 10 go dtí 12 mar atá ainmnithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte do bhonneagar tras-Eorpach fuinnimh];
- (15) ciallaíonn “bonneagar fuinnimh” an bonneagar mar atá sé sainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Treoirlínte do bhonneagar tras-Eorpach fuinnimh];
- (16) ciallaíonn “gréasáin leathanbhanda” gréasáin rochtana sreangaithe agus gan sreang (lena n-áirítear satailít), bonneagar coimhdeach agus croíghréasáin atá in ann nascacht an-ard luais a sheachadadh mar atá sainmhínithe in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Treoirlínte INFISO];
- (17) ciallaíonn “bonneagair sheirbhísí digiteacha” seirbhísí gréasánaithe a sheachadtar go leictreonach, de ghnáth ar an idirlíon, a sholáthraíonn seirbhísí tras-Eorpacha idir-inoibritheacha atá chun leasa an phobail agus a chruthaíonn dálaí fabhracha do shaoránaigh, do ghnóthaí, agus/nó do rialtais mar atá sainmhínithe in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Treoirlínte INFISO];
- (18) ciallaíonn “ardáin croísheirbhísí” seirbhísí atá sainaitheanta san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte INFISO];
- (19) ciallaíonn “seirbhísí cineálacha” seirbhísí atá sainaitheanta san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte INFISO];
- (20) ciallaíonn “feidhmiú agus cothabháil seirbhísí” feidhmiú leanúnach bonneagar áirithe seirbhísí digiteacha a áirithiú, mar atá siad sainmhínithe tuilleadh san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte INFISO];
- (21) ciallaíonn “údaráis rialála náisiúnta” comhlachtaí atá sainmhínithe in Airteagal 3 de Threoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialála coiteann i gcomhair gréasán agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir Réime)⁴¹.

Airteagal 3
Cuspóirí ginearálta

Déanfaidh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ullmhúchán agus cur chun feidhme tionscadal leasa choitinn a chumasú i gcomhthéacs an bheartais maidir le gréasáin thras-Eorpacha i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na teileachumarsáide. Go háirithe, tacóidh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le cur chun feidhme tionscadal arb é is aidhm leo bonneagar nua a fhorbairt agus a thógáil nó bonneagar atá ann cheana a uasghrádú i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na teileachumarsáide. Chuige sin, féachfaidh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa leis na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- (a) rannchuidiú le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach trí ghréasáin thras-Eorpacha nua-aimseartha agus ardfeidhmíochta a fhorbairt, agus, ar an dóigh sin, sochair a thabhairt don Aontas Eorpach ar fad i téarmaí iomaíochais agus an chomtháthaithe eacnamaíoch,

⁴¹ IO L 108, 24. 4.2002, lch. 33.

shóisialta agus chríochoaigh laistigh den Mhargadh Aonair agus timpeallacht a chruthú atá níos fabhraí d'infheistíocht phríobháideach agus phoiblí trí chomhcheangal d'ionstraimí airgeadais agus tacaíocht dhíreach ón Aontas agus trí thairbhe a bhaint as sineirgíochtaí ar fud na n-earnálacha. Déanfar baint amach an chuspóra sin a thomhas de réir mhéid na hinfeistíochta poiblí agus príobháidí i dtionscadail leasa choitinn, agus go háirithe de réir mhéid na n-infeistíochtaí poiblí agus príobháideacha i dtionscadail leasa choitinn arna gcur i gcrích trí mheán na n-ionstraimí airgeadais faoin Rialachán seo.

- (b) cur ar chumas an Aontais a spriocanna a bhaint amach, arb iad laghdú 20% ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa⁴², méadú 20% ar éifeachtúlacht fuinnimh agus sciar an fhuinnimh inathnuaite a mhéadú go 20% idir seo agus 2020, agus dlúthpháirtíocht níos mó á háirithiú i measc Ballstát.

Airteagal 4 *Cuspóirí Sonracha Earnálacha*

1. Anuas ar na cuspóirí ginearálta atá leagtha amach faoi Airteagal 3, ba cheart don tSaoráid um Chónascadh na hEorpa rannhuidiú leis na cuspóirí sonracha earnálacha seo a leanas a bhaint amach:
- (a) I réimse an iompair, tacóidh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le tionscadail leasa choitinn a fhéachann leis na cuspóirí atá leagtha amach thíos a bhaint amach, mar atá siad sonraithe tuilleadh faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. xxxx/2012 [Treoirlínte TEN-T]:
- (i) scrogaill a bhaint agus na naisc atá in easnamh a líonadh. Déanfar baint amach an chuspóra sin a thomhas de réir líon na nasc trasteorann nua nó feabhsaithe agus líon na scrogall arna mbaint ar bhealaí iompair a thairbhígh den SCE;
 - (ii) iompar inbhuanaithe éifeachtúil a áirithiú san fhadtéarma. Déanfar baint amach an chuspóra sin a thomhas de réir fhad an ghnáth-ghréasáin iarnróid san AE-27 agus fhad an ghréasáin iarnróid ardluais san AE-27;
 - (iii) comhtháthú agus idirnascadh modhanna iompair a bharrfheabhsú agus idir-inoibritheacht seirbhísí iompair a fheabhsú. Déanfar baint amach an chuspóra sin a thomhas de réir líon na gcalafort agus na n-aerfort atá nasctha leis an ngréasán iarnróid.
- (b) I réimse an fhuinnimh, tacóidh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le tionscadail leasa choitinn a fhéachann leis na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach, mar atá siad sonraithe tuilleadh i Rialachán (AE) Uimh. xxxx/2012:
- (i) comhtháthú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh agus idir-inoibritheacht gréasán leictreachais agus gáis thar theorainneacha a chur chun cinn, lena n-áirítear trína áirithiú nach bhfuil aon Bhallstát scoite amach ón ngréasán Eorpach. Déanfar baint amach an chuspóra sin a thomhas de réir líon na dtionscadal a dhéanann gréasáin na mBallstát a idirnascadh go héifeachtach agus scrogaill inmheánacha a bhaint;

⁴² Más ann do na dálaí cearta, suas le 30%.

- (ii) slándáil sholáthair an Aontais a fheabhsú. Déanfar baint amach an chuspóra sin a thomhas de réir an dul chun cinn atá déanta ó thaobh athléimneacht an chórais agus shlándáil fheidhmiú an chórais de, chomh maith le líon na dtionscadal lena féidir foinsí soláthair, comhpháirtithe is soláthraithe agus bealaí a éagsúlú;
 - (iii) rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe agus le cosaint an chomhshaoil, go mór mór trí chomtháthú fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite sa ghréasán tarchuir a éascú agus trí ghréasáin dé-ocsaíd charbóin a fhorbairt. Déanfar baint amach an chuspóra sin a thomhas de réir mhéid an fhuinnimh inathnuaite a dhéantar a tharchur chuig lárionaid mhóra tomhaltais agus suíomhanna stórála agus de réir shuim astaíochtaí CO2 a rinne cruthú na dtionscadal a thairbhigh den SCE a chosc.
- (c) I réimse na ngréasán teileachumarsáide, déanfaidh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa foráil maidir le gníomhaíochtaí chun tacú le tionscadail leasa choitinn a fhéachann leis na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach, mar atá siad sonraithe tuilleadh i Rialachán (AE) Uimh. xxxx/2012 [Treoirlínte INFSO]:
- (i) imscaradh gréasán leathanbhanda gasta agus an-ghasta agus a nglacadh a luathú, lena n-áirítear glacadh fiontar beag agus meánmhéide (FBManna). Déanfar baint amach an chuspóra sin a thomhas de réir leibhéal an chládaigh leathanbhanda agus an chládaigh leathanbhanda an-ghasta agus líon na dteaghlach a fuair síntiús le haghaidh nasc leathanbhanda os cionn 100 Mbps;
 - (ii) idirnascadh agus idir-inoibritheacht seirbhísí náisiúnta poiblí ar líne chomh maith le rochtain ar na gréasáin sin a chur chun cinn. Déanfar baint amach an chuspóra sin a thomhas de réir chéatadán na saoránach agus na ngnóthaí a úsáideann seirbhísí poiblí ar líne agus infhaighteacht na seirbhísí sin thar theorainneacha.

Airteagal 5
Buiséad

1. EUR 50 000 000 000 a bheidh sa chlúdach airgeadais do chur chun feidhme na Saoráide um Chónascadh na hEorpa don tréimhse 2014 go 2020⁴³. Dáilfear an méid sin i measc na n-earnálacha dá dtagraítear in Airteagal 3 mar seo a leanas:
 - (a) iompar: EUR 31 694 000 000, as a n-aistrefar EUR 10 000 000 000 ón gCiste Comhtháthaithe le caitheamh i gcomhréir leis an Rialachán seo i mBallstáit atá incháilithe le haghaidh cistiú ón gCiste Comhtháthaithe;
 - (b) fuinneamh: EUR 9 121 000 000;
 - (c) teileachumarsáid: EUR 9 185 000 000.
2. Féadfaidh clúdach airgeadais na Saoráide um Chónascadh na hEorpa speansais a chlúdach ar speansais iad a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe,

⁴³ Figiúirí uile i bpraghsanna tairiseacha 2011. Is féidir na méideanna comhfhreagracha, arna sloinneadh i bpraghsanna reatha, a aimsiú sa Ráiteas Airgeadais Reachtach.

iniúchóireachta agus meastóireachta a bhfuil gá leo chun an Clár a bhainistiú agus a chuid cuspóirí a bhaint amach, go háirithe staidéir, cruinnithe saineolaithe, a mhéid is a bhaineann siad le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo, speansais atá nasctha le gréasáin TF a dhíríonn ar phróiseáil agus ar mhalartú faisnéise, in éineacht leis na speansais uile eile cúnamh, idir theicniúil agus riaracháin, arna dtabhú ag an gCoimisiún do bhainistiú an Chláir.

Féadfaidh an leithdháileadh airgeadais na speansais cúnamh theicniúil agus riaracháin a chlúdach freisin, arb iad na speansais cúnamh theicniúil agus riaracháin iad is gá chun an t-aistriú idir an Clár agus na bearta arna nglacadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 680/2007⁴⁴ a áirithiú. Más gá, d'fhéadfaí leithreasáí a iontráil sa bhuiséad tar éis 2020 chun speansais chosúla a chlúdach, chun bainistiú gníomhaíochtaí nach mbeidh críochnaithe go fóill faoin 31 Nollaig 2020 a chumasú.

3. Tar éis na meastóireachta meántearma de réir Airteagal 26.1, féadfaidh an Coimisiún leithreasáí a aistriú idir earnálacha an leithdháilte atá leagtha amach i mír 1, cé is moite den EUR 10 000 000 000 a aistríodh ón gCiste Comhtháthaithe chun tionscadail na hearnála iompair a mhaoiniú sna Ballstáit atá incháilithe don Chiste Comhtháthaithe.

CAIBIDIL II

FOIRMEACHA MAOINTHE AGUS FORÁLACHA AIRGEADAIS

Airteagal 6

Foirmeacha cabhrach airgeadais

1. Cuirfear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa chun feidhme trí úsáid a bhaint as ceann amháin nó as roinnt de na foirmeacha cabhrach airgeadais dá bhforáiltear le Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Rialachán Nua Airgeadais], go háirithe deontais, soláthairtí agus ionstraimí airgeadais.
2. Féadfaidh an Coimisiún dul ar iontaoibh na gcomhlachtaí atá leagtha amach in Airteagal 55(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Rialachán Nua Airgeadais] chun cuid den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a chur chun feidhme.

Airteagal 7

Incháilitheacht agus coinníollacha maidir le cúnamh airgeadais

1. Is iad gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le tionscadail leasa choitinn de réir Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Treoirilínte TEN-T], Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Treoirilínte TEN-E], Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Treoirilínte do bhonneagar tras-Eorpach fuinnimh] agus Rialachán XXX/2012 [Treoirilínte INFSO], agus iad sin amháin, a bheidh incháilithe do thacaíocht trí chabhair airgeadais de chuid an AE i bhfoirm deontas, ionstraimí airgeadais agus soláthair.

⁴⁴ Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le cabhair airgeadais Chomhphobail a dheonú i réimse na ngréasán tras-Eorpach iompair agus fuinnimh, IO L 162, 22.6.2007, lch. 1

2. I réimse an iompair, is iad gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le tionscadail leasa choitinn de réir Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Treoirlínte TEN-T] agus gníomhartha tacaíochta cláir, agus iad sin amháin, a bheidh incháilithe do thacaíocht trí chabhair airgeadais de chuid an Aontais i bhfoirm soláthair agus ionstraimí airgeadais faoin Rialachán seo. Ní bheidh ach na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe chun cabhair airgeadais a fháil ón Aontas i bhfoirm deontas faoin Rialachán seo:
- (a) gníomhaíochtaí a chuireann an croíghréasán chun feidhme de réir Chaibidil III de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte TEN-T], lena n-áirítear imscaradh teicneolaíochtaí nua agus nuálaíochta de réir Airteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte TEN-T];
 - (b) staidéir do thionscadail leasa choitinn mar atá siad sainmhínithe in Airteagal 8(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte TEN-T];
 - (c) gníomhaíochtaí a thacaíonn le tionscadail leasa choitinn mar atá siad sainmhínithe in Airteagal 8(1)(a) agus (d) de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte TEN-T];
 - (d) gníomhaíochtaí a thacaíonn le córais bhainistíochta tráchta i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Treoirlínte TEN-T];
 - (e) gníomhaíochtaí a thacaíonn le seirbhísí iompair lastais i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán XXX/2012 [Treoirlínte TEN-T];
 - (f) gníomhaíochtaí chun torann lastais iarnróid a laghdú tríd an rothstoc atá ann cheana a iarfheistiú;
 - (g) gníomhaíochtaí tacaíochta cláir.

Beidh gníomhaíochtaí a bhaineann le hiompar agus a bhfuil cuid trasteorann nó cuid de chuid dá leithéid i gceist leo incháilithe chun cabhair airgeadais a fháil ón Aontas má bhíonn comhaontú scríofa idir na Ballstáit lena mbaineann nó idir na Ballstáit agus na tríú tíortha lena mbaineann maidir le comhlánú na gcodanna trasteorann. Mar eisceacht, i gcás ina bhfuil tionscadal riachtanach chun nascadh le gréasán de chuid Ballstáit chomharsanaigh nó de chuid tríú tír ach nach dtrasnaíonn sé an teorainn, ní cheanglófar an comhaontú scríofa dá dtagraítear thuas.

Cistiú deontais do thionscadail a bhfuil a bhfoinsí ioncaim bunaithe den chuid is mó ar na húsáideoirí, beidh sé ar fáil go príomha chun críocha ullmhúcháin tionscadal, go háirithe measúnú ar CPPanna.

3. I réimse an fhuinnimh, tá coinníollacha sonracha incháilitheachta gníomhaíochtaí lena gcuirtear tionscadail leasa choitinn chun feidhme maidir le cabhair airgeadais an Aontais i bhfoirm ionstraimí airgeadais agus deontas faoin Rialachán seo leagtha amach in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte do bhonneagar fuinnimh].
4. I réimse na teileachumarsáide, beidh na gníomhaíochtaí uile lena gcuirtear tionscadail leasa choitinn chun feidhme agus na gníomhaíochtaí tacaíochta cláir atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte INFOS].

incháilithe chun cabhair airgeadais a fháil ón Aontas i bhfoirm deontais, soláthair agus ionstraimí airgeadais faoin Rialachán seo.

CAIBIDIL III DEONTAIS

Airteagal 8

Foirmeacha deontas agus costais incháilithe

1. Féadfaidh deontais faoin Rialachán seo a bheith in aon cheann de na foirmeacha dá bhforáiltear le hAirteagal XXX de Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Rialachán Nua Airgeadais].

Is leis na Cláir Oibre a bhunófar na foirmeacha deontas a fhéadfar a úsáid chun na gníomhaíochtaí lena mbaineann a chistiú.

2. Féadfaidh caiteachas a bheith incháilithe ón dáta a dtíolactar iarratas ar chabhair. [Féadfaidh caiteachas le haghaidh gníomhaíochtaí a thig as tionscadail a áirítear sa chéad chlár ilbhliantúil a bheith incháilithe ón 1 Eanáir 2014].
3. Ní fhéadfaidh ach caiteachas arna thabhu i mBallstáit a bheith incháilithe, seachas i gcás ina bhfuil críoch tríú tíortha i gceist leis an dtionscadal leasa choitinn agus i gcás ina bhfuil an ghníomhaíocht sár-riachtanach chun cuspóirí an tionscadail áirithe sin a bhaint amach.
4. Féadfaidh costas trealaimh agus bonneagair a gcaitear leis mar chaiteachas caipitil de chuid an tairbhí a bheith incháilithe ina iomláine.
5. Féadfaidh caiteachas a bhaineann le staidéir chomhshaoil maidir le cosaint an chomhshaoil agus comhlíonadh *acquis* an Aontais a bheith incháilithe.
6. Costas nach bhfuil incháilithe a bheidh i gcaiteachas a bhaineann le ceannach talún.
7. Costas nach bhfuil incháilithe a bheidh in CBL.
8. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag rialacha a bhaineann le hincháilitheacht costas arna dtabhú ag tairbhíthe maidir le costais arna dtabhú ag comhlachtaí cur chun feidhme.

Airteagal 9

Coinníollacha rannpháirtíochta

1. Féadfaidh Ballstát amháin nó roinnt Ballstát, eagraíocht idirnáisiúnta amháin nó roinnt eagraíochtaí, comhghnóthas amháin nó roinnt comhghnóthas, nó gnóthas poiblí nó príobháideach amháin nó roinnt díobh nó comhlacht poiblí nó príobháideach amháin nó roinnt díobh atá bunaithe i mBallstáit, tograí a thíolacadh.
2. Chuige sin, féadfaidh eintitis nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoin dlí náisiúnta is infheidhme tograí a thíolacadh, ar choinníoll go mbeidh an cumas ag a n-ionadaithe

oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh chucu féin thar a gceann agus go dtugann siad ráthaíocht go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ar ráthaíocht í atá coibhéiseach leis an ráthaíocht a thairgeann daoine dlítheanacha.

3. Ní bheidh tograí arna dtíolacadh ag daoine nádúrtha incháilithe.
4. I gcás inar gá sin chun cuspóirí tionscadail áirithe leasa choitinn a bhaint amach, féadfaidh tríú tíortha agus eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha páirt a ghlacadh i ngníomhartha a rannchuidíonn leis na tionscadail leasa choitinn.

Ní fhéadfaidh siad cistiú a fháil faoin Rialachán seo, seachas i gcás ina bhfuil sé sár-riachtanach chun cuspóirí tionscadail áirithe leasa choitinn a bhaint amach.

I gcás inar gá sin chun gníomhaíochtaí ábhartha a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí, ar gníomhaíochtaí iad a rannchuidíonn le tionscadail leasa choitinn i dtríú tíortha de réir Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Treoirlínte TEN-T], Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Treoirlínte TEN-E], Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Treoirlínte do bhonneagar fuinnimh] agus Rialachán XXX/2012 [Treoirlínte INFSO], féadfar cistiú faoin Rialachán seo a chomhthiomsú le cistiú atá cumhdaithe ag rialacháin ábhartha eile de chuid an Aontais. Sa chás sin féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomh cur chun feidhme, tacar aonair rialacha a chinneadh ar cheart feidhm a bheith acu maidir le cur chun feidhme.

5. Beidh comhaontú Ballstát a bhfuil baint ag an ngníomh leo ag gabháil le gach togra le haghaidh deontas seachas i réimse na teileachumarsáide agus i réimse an iompair a fhad is a bhaineann le bainistíocht aerthrátha.
6. Féadfar foráil a dhéanamh i gCláir Oibre ilbhliantúla agus bhliantúla maidir le rialacha sonracha breise maidir le tograí a thíolacadh.

Airteagal 10 *Rátaí maoinithe*

1. Seachas i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal XXX de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Rialachán Nua Airgeadais], roghnófar tograí trí ghlaonna ar thograí atá bunaithe ar na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 17.
2. I réimse an iompair:
 - (a) maidir le deontais do staidéir, ní bheidh méid chabhair airgeadais an Aontais os cionn 50% de na costais incháilithe;
 - (b) maidir le deontais chun oibreacha a dhéanamh;
 - (i) iarnród agus uiscebhealaí intíre: ní bheidh méid chabhair airgeadais an Aontais os cionn 20% den chostas incháilithe; féadfar an ráta maoinithe a mhéadú go 30% do ghníomhaíochtaí a dhéileálann le scrogall; féadfar an ráta maoinithe a mhéadú go 40% do ghníomhaíochtaí a bhaineann le codanna trasteorann;

- (ii) naisc iompair intíre le calafoirt agus aerfoirt, gníomhaíochtaí chun torann lastais iarnróid a laghdú tríd an rothstoc atá ann cheana a iarfheistiú, chomh maith le forbairt calafort agus ardán ilmhódach: ní bheidh méid chabhair airgeadais an Aontais os cionn 20% den chostas incháilithe.
 - (c) maidir le deontais do chórais bhainistíochta tráchta agus seirbhísí bainistíochta tráchta:
 - (i) an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS): ní bheidh méid chabhair airgeadais an Aontais os cionn 50% den chostas incháilithe;
 - (ii) córais bhainistíochta tráchta, seirbhísí iompair lastais, limistéir pháirceála shábháilte feadh bhealaí an chroíghréasáin, chomh maith le gníomhaíochtaí chun tacú le forbairt Mhótarbhealaí na Farraige: ní bheidh méid chabhair airgeadais an Aontais os cionn 20% den chostas incháilithe.
3. I réimse an fhuinnimh:
- (a) ní bheidh méid chabhair airgeadais an Aontais os cionn 50% de chostas incháilithe staidéar agus/nó oibreacha;
 - (b) féadfar rátaí cómhaoinithe a mhéadú go huasmhéid 80% do ghníomhaíochtaí atá bunaithe ar an bhfianaise dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 agus a sholáthraíonn leibhéal ard slándála soláthair réigiúnaí nó slándála soláthair ar fud an Aontais, nó a neartaíonn dlúthpháirtíocht an Aontais nó a bhfuil réitigh atá thar a bheith nuálaíoch iontu.
4. I réimse na teileachumarsáide:
- (a) gníomhaíochtaí i réimse na ngréasán leathanbhanda: ní bheidh méid chabhair airgeadais an Aontais os cionn 50% den chostas incháilithe;
 - (b) gníomhaíochtaí i réimse na seirbhísí cineálacha: ní bheidh méid chabhair airgeadais an Aontais os cionn 75% de na costais incháilithe;
 - (c) go hiondúil is trí sholáthar a dhéanfar ardáin chroísheirbhísí a chistiú. I gcásanna eisceachtúla, féadfar iad a chistiú le deontas a chumhdaíonn suas le 100% de chostais incháilithe, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe;
 - (d) gníomhaíochtaí tacaíochta cláir lena n-áirítear mapáil bonneagair, nascadh agus cúnamh teicniúil: ní bheidh méid chabhair airgeadais an Aontais os cionn 75% de na costais incháilithe.
5. Féadfar rátaí cómhaoinithe atá luaite thuas a mhéadú faoi suas le 10 bpointe céatadán do ghníomhaíochtaí a bhfuil sineirgíochtaí trasearnálacha acu, a bhaineann cuspóirí mhaolú an athraithe aeráide amach, a fheabhsaíonn athléimneacht i leith an athraithe aeráide nó a laghdaíonn astaíochtaí gáis cheaptha teasa. Níor cheart feidhm a bheith ag an méadú sin maidir le rátaí cómhaoinithe dá dtagraítear in Airteagal 11.

6. Beidh méid na cabhrach airgeadais a bheidh le deonú do na gníomhaíochtaí arna roghú modhnaithe ar bhonn anailíse chostais/sochair ar gach tionscadal, infhaighteacht acmhainní buiséadacha, agus an gá atá ann le gearáil mhaoiniú an AE a uasmhéadú.

Airteagal 11

Glaonna sainiúla ar chistí arna n-aistriú ón gCiste Comhtháthaithe sa réimse iompair

1. Maidir leis an EUR 10 000 000 000 arna aistriú ón gCiste Comhtháthaithe [Rialachán XXX Airteagal XX] atá le caitheamh sna Ballstáit atá incháilithe cistiú a fháil ón gCiste Comhtháthaithe, seolfar glaonna sainiúla le haghaidh tionscadal a bhfuil an croíghríasán á chur chun feidhme acu go heisiach sna Ballstáit atá incháilithe cistiú a fháil ón gCiste Comhtháthaithe.
2. Beidh feidhm ag na rialacha is infheidhme maidir leis an earnáil iompair faoin Rialachán seo i ndáil leis na glaonna sainiúla sin. Agus na glaonna sin á gcur chun feidhme, tabharfar an tosaíocht is mó is féidir do thionscadail a urramaíonn na leithdháiltí náisiúnta faoin gCiste Comhtháthaithe.
3. De mhaolú ar Airteagal 10, agus i ndáil leis an EUR 10 000 000 000 arna aistriú ón gCiste Comhtháthaithe [Rialachán XXX Airteagal XXX] a bheidh le caitheamh sna Ballstáit atá incháilithe cistiú a fháil ón gCiste Comhtháthaithe, is iad na huasrátaí cistiúcháin na rátaí sin is infheidhme maidir leis an gCiste Comhtháthaithe dá dtagraítear in Airteagal 22 agus Airteagal 110.3 de Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh arna gcumhdach leis an gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006]⁴⁵ maidir leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:
 - (a) maidir le deontais chun staidéir a dhéanamh;
 - (b) maidir le deontais chun oibreacha a dhéanamh:
 - (i) iarnróid agus uiscebhealaí intíre;
 - (ii) gníomhaíochtaí chun tacú le codanna bóithre trasteorann;
 - (iii) naisc iompair intíre le calafoirt agus le haerfoirt, ardáin ilmhódacha agus calafoirt a fhorbairt;
 - (c) maidir le deontais le haghaidh córas agus seirbhísí bainistíochta tráchta:
 - (i) an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS);
 - (ii) córais bhainistíochta tráchta.

⁴⁵ COM(2011) 615 críochnaitheach.

Airteagal 12
An deontas a chealú, a laghdú, a fhionraí agus a fhoirceannadh

1. Cuirfidh an Coimisiún ar ceal, ach amháin i gcásanna cuí-réasúnaithe, cabhair airgeadais arna deonú ar ghníomhaíochtaí nár cuireadh tús leo laistigh de bhliain ó dháta tosaigh na gníomhaíochta arna bhunú sna coinníollacha a bhfuil deonú na cabhrach faoina réir.
2. Féadfaidh an Coimisiún an chabhair airgeadais a fhionraí, a laghdú, a ghnóthú nó a fhoirceannadh de réir na gcoinníollacha atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 [an Rialachán nua Airgeadais] go háirithe:
 - (a) i gcás mírialtachta i gcur chun feidhme na gníomhaíochta i ndáil le forálacha de chuid dhlí an Aontais;
 - (b) i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a bhfuil an deontas faoina réir, go háirithe má dhéantar athrú suntasach, a mbeidh tionchar aige ar an gceineál tionscadail nó gníomhaíochta, gan formheas an Choimisiúin;
 - (c) i ndiaidh meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an tionscadail, go háirithe i gcás moille shuntasáí ar chur chun feidhme na gníomhaíochta.
3. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go n-aisíocfar an chabhair airgeadais a deonaíodh mura bhfuil an ghníomhaíocht a bhfuil an chabhair airgeadais deonaithe di curtha chun feidhme ina hiomláine laistigh de dhá bhliain ón dáta críochnaithe arna bhunú sna coinníollacha a bhfuil deonú na cabhrach faoina réir.
4. Sula nglacfaidh an Coimisiún aon cheann de na cinntí dá bhforáiltear i mír 1, mír 2 agus mír 3, scrúdóidh sé an cás i dtrácht agus cuirfidh sé na tairbhíthe lena mbaineann ar an eolas ionas go mbeidh siad in ann a mbarúlacha a chur in iúl laistigh de thréimhse áirithe.

CAIBIDIL IV **SOLÁTHAR**

Airteagal 13
Soláthar

1. D'fhéadfadh nósanna imeachta don soláthar poiblí arna gcur i gcrích ag an gCoimisiún nó ag ceann amháin de na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(2) thar a cheann féin nó i gcomhar leis na Ballstáit:
 - (a) foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha sainiúla amhail ionad feidhmíochta na ngníomhaíochtaí arna soláthar, i gcás ina dtugann cuspoirí na ngníomhaíochtaí bonn cuí leis, agus ar chuntar nach sáraíonn na coinníollacha sin prionsabail um sholáthar poiblí;
 - (b) deonú conarthaí éagsúla laistigh den nós imeachta céanna a údarú ('ilfhoinsiú').

2. I gcás cuí-réasúnaithe agus i gcás ina gceanglaíonn cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí é, féadfaidh feidhm a bheith ag mír 1 freisin maidir le nósanna imeachta don soláthar arna ndéanamh ag tairbhíthe na ndeontas.

CAIBIDIL V

IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

Airteagal 14

Cineálacha ionstraimí airgeadais

1. Féadfar ionstraimí airgeadais arna mbunú i gcomhréir le Teideal VIII de Rialachán (CE) Uimh. XXXX/2012 [Rialachán nua Airgeadais 2012] a úsáid chun rochtain ar mhaoiniú a éascú d'eintitis a chuireann chun feidhme gníomhaíochtaí a chuidíonn le tionscadail leasa choitinn mar atá sainmhínithe i Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012, Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. XXX/2012 agus a chuidíonn lena gcuspóirí a bhaint amach. Beidh na hionstraimí airgeadais bunaithe ar mheasúnuithe *ex-ante* ar lochtanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha agus ar riachtanais infheistíochta.
2. Féadfar ionstraimí airgeadais arna mbunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 a chumasc, más infheidhme, leis na hionstraimí a cruthaíodh faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.
3. Féadfar na hionstraimí airgeadais seo a leanas a úsáid:
 - (a) ionstraimí cothromais, amhail cistí infheistíochta a dhíríonn ar chaipiteal riosca a sholáthar do ghníomhaíochtaí a chuidíonn le tionscadail leasa choitinn;
 - (b) iasachtaí agus/nó ráthaíochtaí a éascaítear le hionstraimí roinnte riosca, lena n-áirítear sásra feabhsúcháin chun bannaí tionscadail a chosaint, arna n-eisiúint ag institiúid airgeadais óna hacmhainní féin le rannchuidiú ón AE i ndáil le soláthar agus/nó leithdháileadh caipitil;
 - (c) aon ionstraimí airgeadais eile.

Airteagal 15

Coinníollacha i ndáil le cabhair airgeadais a dheonú trí ionstraimí airgeadais

1. Roghnófar gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht trí bhíthin ionstraimí airgeadais ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce' agus déanfaidh siad iarracht éagsúlú earnálach a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4 mar aon le héagsúlú geografach de réir a chéile ar fud na mBallstát.
2. Féadfaidh an tAontas, aon Bhallstát agus infheisteoirí eile cabhair airgeadais a sholáthar sa bhreis ar na ranníocaíochtaí a fhaightear le húsáid na n-ionstraimí airgeadais, ar chuntar go gcomhaontaíonn an Coimisiún le haon athruithe arna ndéanamh ar chritéir incháilitheachta na ngníomhaíochtaí agus/nó ar straitéis infheistíochta na hionstraimí a d'fhéadfadh a bheith riachtanach de thoradh na ranníocaíochta breise.

3. Beidh sé mar aidhm ag na hionstraimí airgeadais luach na sócmhainní arna soláthar ag buiséad an Aontais a chaomhnú. Féadfaidh siad torthaí inghlactha a ghiniúint chun cuspóirí na gcomhpháirtithe nó na n-infheisteoirí eile a chomhlíonadh.
4. Féadfar ionstraimí airgeadais a chur le chéile le deontais arna gcistiú ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear deontais arna gcistiú faoin Rialachán seo.
5. Féadfaidh na Cláir Oibre coinníollacha breise a bhunú de réir riachtanais shainiúla na n-earnálacha.
6. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [an Rialachán nua Airgeadais], sannfar ioncam agus aisíocaíochtaí arna nginiúint ag ionstraim airgeadais amháin don ionstraim airgeadais sin. I gcás ionstraimí airgeadais atá bunaithe cheana féin sa chreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2007-2013, sannfar ioncam agus aisíocaíochtaí arna nginiúint ag oibríochtaí ar cuireadh tús leo sa tréimhse sin don ionstraim airgeadais sa tréimhse 2014-2020.

Airteagal 16
Gníomhaíochtaí i dtríú tíortha

Féadfaidh na hionstraimí airgeadais tacú le gníomhaíochtaí i dtríú tíortha más gá chun tionscadal leasa choitinn a chur chun feidhme.

CAIBIDIL VI

CLÁRÚ, CUR CHUN FEIDHME AGUS RIALÚ

Airteagal 17
Cláir oibre ilbhliantúla agus/nó bhliantúla

1. Glacfaidh an Coimisiún cláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla do gach earnáil. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Coimisiún cláir oibre ilbhliantúla agus bhliantúla a ghlacadh a chumhdóidh níos mó ná earnáil amháin. Glacfar na bearta cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24.2.
2. Déanfar athbhreithniú ar an gclár oibre ilbhliantúil leath bealaigh tríd ar a laghad. Más gá, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gclár oibre ilbhliantúil trí bhíthin gnímh cur chun feidhme. Glacfar na bearta cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24.2.
3. Glacfar clár oibre ilbhliantúil i réimse an iompair le haghaidh tionscadal leasa choitinn mar atá liostaithe i gCuid I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Beidh méid an chláir airgeadais laistigh de raon 80 %-85 % de na hacmhainní buiséadacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a).

4. Díreoidh na cláir oibre ilbhliantúla i réimse an fhuinnimh agus na teileachumarsáide go straitéiseach ar réimse na dtionscadal leasa choitinn agus féadfar tionscadail shainiúla leasa choitinn a áireamh iontu freisin.
5. Glacfar na cláir oibre bliantúla earnálacha i réimse an iompair, an fhuinnimh agus na teileachumarsáide i ndáil le tionscadail leasa choitinn nach n-áirítear sa chlár ilbhliantúil.
6. Ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1, bunóidh an Coimisiún, nuair a bheidh na cláir oibre ilbhliantúla agus na cláir oibre bhliantúla earnálacha á mbunú aige, na critéir roghnúcháin agus deonaithe i gcomhréir leis na cuspóirí agus na tosaíochtaí atá leagtha síos:
 - (a) i gcás iompair, i Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte do bhonneagar tras-Eorpach iompair];
 - (b) i gcás fuinnimh, i Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte do bhonneagar tras-Eorpach fuinnimh];
 - (c) i gcás teileachumarsáide, i Rialachán (AE) Uimh. XXXX/2012 [Treoirlínte INFSO];
7. Déanfar cláir oibre a chomhordú chun leas a bhaint as na sineirgíochtaí atá idir iompar, fuinneamh agus teileachumarsáid, go háirithe i réimsí dála eangacha fuinnimh chliste, soghluaisteach leictreach, córais chliste agus inbhuanaithe iompair, nó comhchearta slí. Féadfar glao ilearnálach ar thograí a ghlacadh.

Airteagal 18
Tráthchodanna bliantúla

Féadfar ceangaltais bhuiséadacha a roinnt i dtráthchodanna bliantúla. Sa chás sin, geallfaidh an Coimisiún na tráthchodanna bliantúla, agus cuirfidh sé dul chun cinn na ngníomhaíochtaí a fhaigheann cabhair airgeadais, na riachtanas measta agus an buiséad atá ar fáil san áireamh.

Cuirfear an clár ama táscach a chumhdaíonn gealltanais na dtráthchodanna bliantúla aonair in iúl do thairbhíthe na ndeontas agus, más infheidhme i gcás ionstraimí airgeadais, do na hinstiúidí airgeadais lena mbaineann.

Airteagal 19
Leithreasaí bliantúla a thabhairt ar aghaidh

Déanfar leithreasaí nár úsáideadh faoi dheireadh na bliana airgeadais inar cuireadh isteach iad a thabhairt ar aghaidh go huathoibríoch bliain amháin.

[Airteagal 20
Gníomhartha tarmligthe

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25 maidir le cur leis na liostaí a sholáthraítear san Iarscríbhinn nó na liostaí sin a mhodhnú.]

Airteagal 21
Freagracht na dtairbhíthe agus na mBallstát

Laistigh dá réim freagrachta agus gan dochar do na hoibleagáidí atá ar na tairbhíthe faoi na coinníollacha a bhfuil na deontais faoina réir, déanfaidh na tairbhíthe agus na Ballstáit gach iarracht na tionscadail leasa choitinn a fhaigheann cabhair airgeadais ón Aontas, arna deonú faoin Rialachán seo, a chur chun feidhme.

I gcás tionscadal a bhaineann leis na hearnálacha iompair agus fuinnimh, beidh na Ballstáit i mbun faireacháin theicniúil agus i mbun rialaithe airgeadais ar na gníomhaíochtaí i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus dearbhóidh siad réaltacht agus comhréireacht an chaiteachais arna thabhtú i ndáil le tionscadail nó codanna de thionscadail. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirtíocht an Choimisiúin a iarraidh le linn seiceálacha ar an láthair.

I réimse na teileachumarsáide go háirithe, déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta gach iarracht chun a áirithiú go bhfuil an deimhneacht dhlíthiúil riachtanach agus na dálaí infheistíochta ann le cur chun feidhme na dtionscadal a fhaigheann cabhair airgeadais ón Aontas faoin Rialachán seo a éascú.

Coinneoidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas, más ábhartha, trí na córais idirghníomhacha gheografacha agus faisnéise teicniúla, agus TENtec i gcás na ngréasán tras-Eorpacha iompair, faoin dul chun cinn atá déanta maidir le tionscadail leasa choitinn a chur chun feidhme agus na hinfeistíochtaí atá déanta chuige sin, lena n-áirítear an méid tacaíochta arna úsáid i leith chuspóirí an athraithe aeráide a bhaint amach.

Airteagal 22
Beartais an Aontais agus Dlí an Aontais a chomhlíonadh

Ní thabharfar maoiniú faoin Rialachán seo ach do ghníomhaíochtaí a chomhlíonann dlí an Aontais agus atá i gcomhréir le beartais ábhartha an Aontais.

Airteagal 23
Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Glacfaidh an Coimisiún bearta cuí chun a áirithiú, i gcás ina gcuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go mbeidh leasanna airgeadais an Aontais á gcosaint trí bhearta coisctheacha a chur chun feidhme i gcoinne calaoise, éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha, agus, má thugtar mírialtachtaí faoi deara, trí na méideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, nuair is iomchuí, trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus bhactha a chur i bhfeidhm.
2. Beidh cumhacht iniúchta ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag Cúirt na nIniúcháirí, ar bhonn doiciméad nó ar an láthair, i ndáil le gach tairbhí deontais, le gach comhlacht cur chun feidhme, le gach conraitheoir agus le gach fochonraitheoir a bhfuil cistí faighte acu ón Aontas.
3. Beidh údarás ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a mbaineann an cistiú seo leo, go díreach nó go hindíreach, i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar

an láthair a dhéanann an Coimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne calaoise agus míréireachtaí eile⁴⁶, d'fhonn a aimsiú an raibh calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach i gceist a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh faoi dheontas nó conradh a bhfuil baint aige le cistiú an Aontais.

4. Gan dochar do na fomhíreanna roimhe seo, cuirfidh comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe agus cinntí deontais agus conarthaí a thig as cur chun feidhme an Rialacháin seo ar chumas an Choimisiúin, Chúirt na nIníochóirí agus OLAF na hiniúchtaí agus na seiceálacha agus cigireachtaí sin ar an láthair a dhéanamh.

TEIDEAL II FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 24 Coistí

1. Beidh coiste comhordúcháin na saoráide de chúnamh ag an gCoimisiún. Coiste de réir bhri Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.
2. Nuair a dhéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. Áiritheoidh an coiste go ndéanfar forléargas cothrománach ar na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 18 chun comhsheasmhacht a áirithiú, agus áiritheoidh sé go ndéanfar na sineirgíochtaí idir na hearnálacha a aithint agus leas a bhaint astu.

Airteagal 25 Tarmligean a fheidhmiú

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.
2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 20, a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse éiginnte ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 20 a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontas Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí arna shonrú sa

⁴⁶ IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.

chinneadh. Ní chuirfidh sé isteach ar bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 20 i bhfeidhm ach amháin mura bhfuil agóid déanta ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó tugadh fógra do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle faoin ngníomh sin nó má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon, sula dtéann an tréimhse sin in éag, nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

Airteagal 26 *Meastóireacht*

1. Tráth nach déanaí ná lár 2018, cuirfidh an Coimisiún le chéile tuarascáil mheastóireachta maidir le cuspóirí na mbeart ar fad a bhaint amach (ar leibhéal na dtorthaí agus na n-iarmhairtí) agus maidir le héifeachtúlacht úsáid na n-acmhainní agus an breisluach Eorpach a bhaineann léi ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta a athnuachan, a mhodhnú nó a fhionraí. Chomh maith leis sin, tabharfaidh an mheastóireacht aghaidh ar an raon feidhme i ndáil le simpliú, le comhtháthú inmheánach agus seachtrach, le hábharthacht leanúnach gach cuspóra, mar aon leis an méid a chuireann na bearta le tosaíochtaí an Aontais i leith fáis chliste, inbhuanaithe agus uilechuimsithigh. Cuirfear san áireamh torthaí na meastóireachta ar thionchar fadtéarmach na mbeart a bhí ann roimhe sin.
2. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht *ex post* i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na tairbhíthe. Déanfaidh an mheastóireacht *ex post* scrúdú ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na Saoráide um Chónascadh na hEorpa agus a tionchar ar chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus ar a mhéid a chuidíonn an tsaoráid le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach i leith fáis chliste, inbhuanaithe agus uilechuimsithigh agus ar scála agus ar thorthaí na tacaíochta a úsáidtear chun cuspóirí athraithe aeráide a bhaint amach. Beidh an mheastóireacht *ex post* ina bunús le cinneadh maidir le beart iardain a athnuachan, a mhodhnú nó a fhionraí.
3. Tabharfaidh meastóireachtaí aird ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le táscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4.
4. Cuirfidh an Coimisiún conclúidí na meastóireachtaí sin in iúl do Parlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.
5. Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit, le cúnamh ó na tairbhíthe féideartha eile, dul i mbun meastóireachta ar na modhanna chun tionscadail a chur i gcrích agus ar thionchar a gcur chun feidhme, chun a mheas ar baineadh amach na cuspóirí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cosaint an chomhshaoil.
6. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar Bhallstát ar tairbhí é agus a mbaineann tionscadal leasa choitinn leis, meastóireacht shonrach a sholáthar ar na gníomhaíochtaí agus ar na tionscadail nasctha arna maoiniú faoin Rialachán seo nó, nuair is iomchuí, an fhaisnéis agus an cúnamh atá riachtanach chun tabhairt faoi mheastóireacht ar na tionscadail sin a sholáthar dó.

Airteagal 27
Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht

1. Áiritheoidh tairbhíthe agus, nuair is iomchuí, na Ballstáit lena mbaineann go dtabharfar poiblíocht oiriúnach do chabhair a bhronnfar faoin Rialachán seo chun an pobal a chur ar an eolas faoi ról an Aontais i gcur chun feidhme na dtionscadal.
2. Cuirfidh an Coimisiún gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun feidhme maidir le tionscadail agus torthaí na Saoráide um Chónascadh na hEorpa. Ina theannta sin, cumhdóidh an buiséad a leithdháilfear ar chumarsáid faoin Rialachán seo cumarsáid chorpáraideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais⁴⁷.

Airteagal 28
Forálacha eatramhacha

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas nó do mhodhnú na dtionscadal lena mbaineann, lena n-áirítear a gcealú ina n-iomláine nó i bpáirt, go dtí go gcuirfear i gcrích iad, ná do leanúnachas nó do mhodhnú na cabhrach airgeadais arna deonú ag an gCoimisiún ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 2236/95 agus Rialachán (CE) Uimh. 680/2007, ná do leanúnachas nó do modhnú aon reachtaíochta eile a bhaineann leis an gcúnamh sin an 31 Nollaig 2013, a mbeidh feidhm aici dá éis sin i ndáil leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann go dtí go gcuirfear i gcrích iad.

Airteagal 29
Aisghairm

Gan dochar do na forálacha atá leagtha síos in Airteagal 28 den Rialachán seo, déantar Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Airteagal 30
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige amhail ón 1 Eanáir 2014.

⁴⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Buiséad do Eoraip 2020 Cuid II (Cáipéisí beartais), COIM(2011) 500 críochnaitheach, 29.6.2011, lch. 7.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an [...]

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN

CUID I: LIOSTA NA dTIONSADAL RÉAMH-SHAINITHE ATÁ SA CHROÍGHRÉASÁN I RÉIMSE AN IOMPAIR

a) Tosaíochtaí Cothrománacha

Bainistíocht Nuálaíoch agus Seirbhísí Nuálaíocha	<i>Aerspás Eorpach Aonair - SESAR</i>
Bainistíocht Nuálaíoch agus Seirbhísí Nuálaíocha	<i>Córais Bhainistíochta Tráchtá do bhóithre, iarnróid agus uiscebhealaí intíre. (ITS, ERTMS agus RIS)</i>
Bainistíocht Nuálaíoch agus Seirbhísí Nuálaíocha	<i>Calafóirt agus Aerfóirt an Chroíghréasáin</i>

Conairí an Chroíghréasáin

1. Conair Mhuir Bhailt – Mhuir Aidriad

Heilsincí – Taillinn – Ríge – Kaunas – Vársá– Katowice
Gdynia – Katowice
Katowice – Ostrava – Brno- Vín
Katowice – Žilina – An Bhrataisláiv – Vín
Vín – Graz – Klagenfurt – Villach – Udine – An Veinéis – Bologna – Ravenna

Codanna réamhshainithe	Modh	Tuairisc/dátaí
Heilsincí - Taillinn	Calafóirt, mótarbhealach na farraige	idirnaise calafóirt, (tuilleadh) forbartha ar ardáin ilmhódacha agus a n-idirnaise, mótarbhealach na farraige (lena n-áirítear cumas briste oighir)
Taillinn - Ríge - Kaunas - Vársá	Iarnród	staidéir (mhionsonraithe) le haghaidh líne tomhsaire UIC atá idir-inoibritheach ina hiomláine; tús a chur le hoibreacha ar líne nua faoi 2020; idirnaise iarnród – aerfóirt/calafóirt
Gdynia – Katowice	Iarnród	uasghrádú
Gdynia, Gdansk	Calafóirt	idirnaise calafóirt, (tuilleadh) forbartha ar ardáin ilmhódacha
Vársá- Katowice	Iarnród	uasghrádú
Katowice - Ostrava - Brno - Vín agus	Iarnród	uasghrádú, go háirithe codanna tras-teorann PL-CZ, PL-SK agus SK-AT; (tuilleadh) forbartha ar ardáin

Katowice - Žilina - An Bhrataisláiv - Vín		ilmhódacha
Vín - Graz - Klagenfurt - Udine - An Veinéis - Ravenna	Iarnród	uasghradú agus oibreacha ar bun faoi láthair; (tuilleadh) forbartha ar ardáin ilmhódacha
Trieste, An Veinéis, Ravenna	Calafort	idirnaisc calafort, (tuilleadh) forbartha ar ardáin ilmhódacha

2. Vársá– Beirlín – Amstardam/Rotterdam – Felixstowe – Midlands

Teorainn BY – Warszawa – Poznań – Frankfurt/Oder – Beirlín – Hannover – Osnabrück – Enschede – Utrecht – Amstardam/Rotterdam – Felixstowe – Birmingham/Manchain – Learpholl

Codanna réamhshainithe	Modh	Tuairisc/dátaí
Teorainn BY - Vársá- Poznań –Teorainn DE	Iarnród	uasghradú ar an líne atá ann cheana, staidéir ar iarnród ardluais
Teorainn PL - Beirlín - Hannover - Amstardam/Rotterdam	Iarnród	uasghradú ar roinnt codanna (Amstardam – Utrecht – Arnhem; Hannover – Beirlín)
Canálacha Iarthar na Gearmáine, Mittellandkanal, Hannover – Magdeburg - Beirlín	IWW	uasghradú
Loic Amstardam	IWW	staidéir ar bun faoi láthair
Felixstowe – Midlands	Iarnród, calafort, ardáin ilmhódacha	idirnaisc calafort agus ardáin ilmhódacha

3. Conair na Meánmhara

Algeciras – Maidrid – Tarragona
Sevilla – Valencia – Tarragona

Tarragona – Barcelona – Perpignan – Lyon – Torino – Milano – An Veinéis – Liúibleána – Búdaipeist – teorainn UA

Codanna réamhshainithe	Modh	Tuairisc/dátaí
Algeciras - Maidrid	Iarnród	staidéir ar bun faoi láthair, oibreacha le seoladh roimh 2015, le cur i gcrích faoi 2020
Sevilla - Antequera - Granada - Almería -	Iarnród	staidéir agus oibreacha

Cartagena - Murcia - Alicante - Valencia		
Valencia - Tarragona - Barcelona	Iarnród	tógáil idir 2014 - 2020
Barcelona	Calafort	idirnaisc iarnród le calafoirt agus le haerfoirt
Barcelona - Perpignan	Iarnród	cuid trasteorann, oibreacha ar bun faoi láthair, líne nua le cur i gcrích faoi 2015, an líne atá ann cheana a uasghrádú
Perpignan - Montpellier	Iarnród	seach-chonair Nîmes - Montpellier le bheith i bhfeidhm in 2017, Montpellier - Perpignan in 2020
Lyon - Torino	Iarnród	cuid trasteorann, oibreacha ar an mbuntollán le seoladh roimh 2020; staidéir ar bhealaí rochtana
Milano - Brescia	Iarnród	uasghrádú i bpáirt, cuid d'iarnórd ardluais nua
Brescia - An Veinéis - Trieste	Iarnród	oibreacha le tosú roimh 2014 ar roinnt codanna
Milano - Mantova - An Veinéis - Trieste	IWW	staidéir, uasghrádú, oibreacha
Trieste - Divača	Iarnród	staidéir agus uasghrádú i bpáirt ar bun faoi láthair; ní bheidh an chuid trasteorann le déanamh go dtí tar éis 2020
Koper - Divača - Liúibleána - Maribor	Iarnród	staidéir agus uasghrádú/líne atá nua i bpáirt
Nód Liúibleána	Iarnród	nód iarnróid Liúibleána, ardán ilmhódach san áireamh; idirnasc iarnróid aerfoirt
Maribor - Zalău	Iarnród	cuid trasteorann: staidéir, tús a chur le hoibreacha roimh 2020
Boba- Szekesferhervar	Iarnród	uasghrádú
Búdaipeist-Miskolc-teorainn UA	Iarnród	uasghrádú

4. Hamburg – Rostock – Burgas/teorainn TR– Piraeus – an Niocóis

Hamburg / Rostock – Beirlín – Prág – Brno – An Bhrataisláiv – Búdaipeist – Arad – Timișoara – Sóifia
Sóifia – Burgas/teorainn TR
Sóifia – Thessaloniki – Piraeus – Limassol – an Niocóis

Codanna réamhshainithe	Modh	Tuairisc/dátaí
Dresden - Prág	Iarnród	staidéir ar iarnród ardluais

Prág	Iarnród	uasghrádú, seach-chonair lasta; nasc iarnróid aerfoirt
Hamburg - Dresden - Prág - Pardubice	IWW	uasghrádú ar an Elbe
Loic Děčín	IWW	staidéir
Breclav - An Bhratasláiv	Iarnród	trasteorainn, uasghrádú
An Bhratasláiv - Hegyeshalom	Iarnród	trasteorainn, uasghrádú
Búdaipeist - Arad - Timișoara - Calafat	Iarnród	uasghrádú san Ungáir beagnach curtha i gcrích, i mbun uasghrádaithe sa Rómáin
Vidin - Sóifia - Burgas/teorainn TR Sóifia - Thessaloniki - An Aithin/Piraeus	Iarnród	staidéir agus oibreacha Vidin – Sóifia – Thessaloniki; uasghrádú Sóifia – Burgas/teorainn TR
An Aithin/Piraeus – an Niocóis	Mótarbhealach na farraige	toilleadh calafort agus idirnaise chúlchríche
Limassol – an Niocóis	Calafóirt, ardáin ilmhódacha	uasghrádú an idirnaise mhódaigh

5. Heilsincí – Valletta

Heilsincí – Turku – Stócólm – Malmö – Cóbanhávan – Fehmarn – Hamburg – Hannover
 Bremen – Hannover – Nürnberg – München – Brenner – Verona – Bologna – Roma – Napoli – Bari
 Napoli – Palermo – Valletta

Codanna réamhshainithe	Modh	Tuairisc/dátaí
Kotka/Hamina - Heilsincí	Calafort, iarnród	idirnaise calafort chúlchríche, uasghrádú iarnród
Heilsincí	Iarnród	idirnasc iarnróid aerfoirt
Teorainn RU - Heilsincí	Iarnród	oibreacha ar bun faoi láthair
Turku - Stócólm	Calafóirt, mótarbhealach na farraige	idirnaise calafort chúlchríche, cumas briste oighir
Stócólm - Malmö (An Triantán Nordach)	Iarnród	oibreacha ar bun ar chodanna sonrath
Fehmarn	Iarnród	staidéir ar bun, oibreacha tógála ar nasc seasta Chrios Fehmarn idir 2014 agus 2020

Cóbanhávan - Hamburg via Fehmarn: bealaí rochtana	Iarnród	bealaí rochtana na Danmhairge le cur i gcrích faoi 2020, bealaí rochtana na Gearmáine le cur i gcrích in dhá chéim (2020 - 2027)
Hamburg/Bremen - Hannover	Iarnród	tús a chur le hoibreacha roimh 2020
München - Wörgl	Iarnród	rochtain ar Bhuntollán Brenner agus an chuid thrasteorann: staidéir
Buntollán Brenner	Iarnród	staidéir agus oibreacha
Fortezza - Verona	Iarnród	staidéir agus oibreacha
Napoli - Bari	Iarnród	staidéir agus oibreacha
Napoli – Reggio Calabria	Iarnród	uasghrádú
Messina - Palermo	Iarnród	uasghrádú (na codanna atá fágtha)
Palermo - Valletta	Calafóirt, mótarbhealach na farraige	naisc calafóirt chúlchríche
Valletta - Marsaxlokk	Calafóirt, aerfort	córais bhainistíochta tráchta le húsáid, uasghrádú an idirnáise mhódaigh

6. Genova – Rotterdam

Genova – Milano/Novara – Simplon/Lötschberg/Gotthard – Basel – Mannheim – Köln
Köln– Düsseldorf – Rotterdam/Amstardam
Köln– Liège – an Bhruiséil – Zeebrugge

Codanna réamhshainithe	Modh	Tuairisc/dátaí
Genova - Milano/Novara – teorainn CH	Iarnród	staidéir; tús a chur le hoibreacha roimh 2020
Basel - Rotterdam/Amstardam/Antuairp	IWW	uasghrádú
Karlsruhe - Basel	Iarnród	oibreacha le cur i gcrích faoi dheireadh 2020
Frankfurt - Mannheim	Iarnród	staidéir ar bun faoi láthair
Zevenaar - Emmerich - Oberhausen	Iarnród	oibreacha le cur i gcrích idir seo agus 2017
Zeebrugge	Calafóirt	loic: staidéir ar bun faoi láthair

7. Liospóin - Strasbourg

Sines / Liospóin – Maidrid – Valladolid
 Liospóin – Aveiro – Oporto
 Aveiro – Valladolid – Vitoria – Bordeaux – Páras – Mannheim/Strasbourg

Codanna réamhshainithe	Modh	Tuairisc/dátaí
Iarnród Ardluais Sines/Liospóin - Maidrid	Rail, ports	staidéir agus oibreacha ar bun faoi láthair, uasghrádú ar na calafoirt idirnáisc mhódacha Sines/Liospóin
Iarnród ardluais Oporto - Liospóin	Iarnród	staidéir ar bun faoi láthair
Nasc iarnróid Aveiro – an Spáinn	Iarnród	trasteorainn: oibreacha ar bun faoi láthair
Nasc Iarnróid Bergara - San Sebastián - Bayonne	Iarnród	ag súil lena chur i gcrích sa Spáinn faoi 2016, sa Fhrainc faoi 2020
Bayonne - Bordeaux	Iarnród	comhairliúchán poiblí leanúnach
Tours - Bordeaux	Iarnród	oibreacha ar bun faoi láthair
Páras	Iarnród	seach-chonair ardluais an deiscirt
Baudrecourt - Mannheim	Iarnród	uasghrádú
Baudrecourt - Strasbourg	Iarnród	oibreacha ar bun faoi láthair, le cur i gcrích faoi 2016

8. Baile Átha Cliath – Londain – Páras – An Bhruiséil

Béal Feirste – Baile Átha Cliath – Holyhead – Birmingham

Glaschú/Dún Éideann – Birmingham

Birmingham – Londain – Lille – An Bhruiséil
 Baile Átha Cliath/Corcaigh/Southampton – Le Havre – Páras
 Londain – Dover – Calais – Páras

Codanna réamhshainithe	Modh	Tuairisc/dátaí
Baile Átha Cliath - Béal Feirste	Iarnród	Uasghrádú; Idirnáisc Bhaile Átha Cliath (DART)
Glaschú – Dún Éideann	Iarnród	uasghrádú
Ardluas 2	Iarnród	staidéir
Swansea - Caerdydd - Briostó - Londain	Iarnród	uasghrádú

Baile Átha Cliath, Corcaigh, Southampton, Le Havre	Calafóirt	idirnaisc chúlchríche
Le Havre - Páras	IWW	uasghrádú
Le Havre - Páras	Iarnród	staidéir
Calais - Páras	Iarnród	réamhstaidéir

9. Amstardam – Basel/Lyon – Marseille

Amstardam - Rotterdam – Antuairp – An Bhruiséil – Lucsamburg
 Lucsamburg – Dijon – Lyon
 Lucsamburg – Strasbourg – Basel

Codanna réamhshainithe	Modh	Tuairisc/dátaí
Maas	IWW	uasghrádú
Albertkanaal	IWW	uasghrádú
Terneuzen	Muirí	loic: staidéir ar bun faoi láthair
Terneuzen - Gent	IWW	staidéir, uasghrádú
Antuairp	Muirí, calafort	loic: staidéir ar bun faoi láthair, calafort: idirnaisc chúlchríche
Canáil na Séine - Escaut	IWW	dearadh curtha i gcrích, plé iomaíoch seolta, le cur i gcrích ina iomláine faoi 2018
Uasghrádú uiscebhealaí sa Vallúin	IWW	staidéir, uasghrádú
An Bhruiséil – Lucsamburg - Strasbourg	Iarnród	oibreacha ar bun faoi láthair
Strasbourg - Mulhouse - Basel	Iarnród	uasghrádú
Naisc Iarnróid Lucsamburg - Dijon - Lyon (TGV Rhin - Rhône)	Iarnród	staidéir agus oibreacha
Lyon	Iarnród	seach-chonair an oirthir: staidéir agus oibreacha
Canal Saône - Moselle/Rhin	IWW	réamhstaidéir ar bun faoi láthair
Rhône	IWW	uasghrádú

10. Strasbourg – Conair na Danóibe

Strasbourg – Stuttgart – München – Wels/Linz
 Strasbourg – Mannheim – Frankfurt – Würzburg – Nürnberg – Regensburg – Passau – Wels/Linz
 Wels/Linz – Vín – Búdaipeist – Arad – Brašov – Búcairist – Constanta - Sulina

Codanna réamhshainithe	Modh	Tuairisc/dátaí
Nasc iarnróid idir Strasbourg - Kehl Appenweier	Iarnród	idirnasc oibreacha Appenweier
Karlsruhe - Stuttgart - München	Iarnród	staidéir agus oibreacha ar bun faoi láthair
München - Mühldorf - Freilassing - Salzburg	Iarnród	staidéir agus oibreacha ar bun faoi láthair
Salzburg - Wels	Iarnród	staidéir
Nürnberg - Regensburg - Passau - Wels	Iarnród	staidéir; oibreacha ar bun faoi láthair i bpáirt
Nasc iarnróid idir Wels - Vín	Iarnród	ag súil lena chur i gcrích faoi 2017
Vín - Búdaipeist	Iarnród	staidéir ardluais HU
Arad - Brašov - Búcairist - Constanta	Iarnród	codanna sonracha a uasghrádú; staidéir ardluais
Main – Main-Donau-Canal – an Danóib	IWW	staidéir agus oibreacha ar chodanna áirithe agus ar scrogaill; calafoirt intíre idirnáise chúlchríche
Constanta	Calafort	idirnáise chúlchríche

b) Codanna eile sa Chroíghréasán

Sóifia go teorainn Phoblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine	Trasteorainn	Iarnród	staidéir ar bun faoi láthair
Sóifia go teorainn na Seirbia	Trasteorainn	Iarnród	staidéir ar bun faoi láthair
Teorainn Timișoara – an tSeirbia	Trasteorainn	Iarnród	staidéir ag leanúint ar aghaidh
München – Prág	Trasteorainn	Iarnród	staidéir
Nürnberg – Prág	Trasteorainn	Iarnród	staidéir
Wrocław – Dresden	Trasteorainn	Iarnród	uasghrádú
Wrocław – Prág	Trasteorainn	Iarnród	staidéir
Graz – Maribor – Pragersko	Trasteorainn	Iarnród	staidéir

Conair Mhurascaill na Boitnia: Lulea – Oulu	Trasteorainn	Iarnród	staidéir agus oibreacha
Iarthuaisceart na Spáinne agus an Phortaingéil	Scrogall	Iarnród	oibreacha ar bun faoi láthair
Frankfurt – Fulda – Erfurt – Beirlín	Scrogall	Iarnród	staidéir
Halle – Leipzig – Nürnberg	Scrogall	Iarnród	oibreacha ar bun faoi láthair, le cur i gcrích faoi 2017
Iarnród Egnathia	Scrogall	Iarnród	staidéir ar bun faoi láthair
Uiscebhealaí intíre Dunkerque - Lille	Scrogall	IWW	staidéir ar bun faoi láthair
Líne chomhthreomhar HSR Páras- Lyon	Scrogall	Iarnród	réamhstaidéir ar bun faoi láthair
Sundsvall – Umea – Lulea	Scrogall	Iarnród	staidéir agus oibreacha
Malmö - Göteborg	Croíghréasán eile	Iarnród	oibreacha
Murascaill na Boitnia – Kiruna – teorainn NO	Croíghréasán eile	Iarnród	staidéir agus oibreacha
Nasc iarnróid idir Sionainn - Corcaigh – Baile Átha Cliath	Croíghréasán eile	Iarnród	staidéir ar bun faoi láthair
Nasc iarnróid idir Wilhelmshaven agus Bremerhaven	Croíghréasán eile	Iarnród	staidéir ar bun faoi láthair
Zilina – teorainn UA	Croíghréasán eile	Iarnród	uasghrádú
Ventspils – Ríge – teorainn RU	Croíghréasán eile	Iarnród	uasghrádú
Klaipeda – Kaunas – Vilnius – teorainn BY	Croíghréasán eile	Iarnród	uasghrádú, idirnasc aerfoirt
Katowice – Wroclaw – teorainn DE	Croíghréasán eile	Iarnród	uasghrádú
Marseille – Toulon – Nice – teorainn IT	Croíghréasán eile	Iarnród	staidéir ardluais
Bordeaux – Toulouse	Croíghréasán eile	Iarnród	staidéir ardluais
Tampere – Oulu	Croíghréasán eile	Iarnród	codanna a uasghrádú
Pamplona – Zaragoza - Sagunto	Croíghréasán eile	Iarnród	staidéir agus oibreacha

CUID II: LIOSTA NA gCONAIRÍ AGUS LIMISTÉAR TOSAÍOCHTA BONNEAGAIR I RÉIMSE AN FHUINNIMH

a) Conairí Tosaíochta		
	Cuspóir	Na Ballstáit lena mbaineann
1. Eangach amach ón gcósta sna Mara Thuaidh (" NSOG ")	Eangach chomhtháite leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt sa Mhuir Thuaidh, i Muir Éireann, Muir nIocht, Muir Bhailt agus uiscí comharsanacha chun leictreachas a iompar ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta go hionaid ídithe agus stórála agus chun malartú leictreachais trasteorann a mhéadú	An Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, Lucsamburg, an Ísiltír, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe
2. Idirnaisc leictreachais Thuaidh-Theas in Iar-Dheisceart na hEorpa (" Leictreachas NSI Thiar ")	Idirnaisc a fhorbairt idir na Ballstáit sa réigiún agus le tríú tíortha na Meánmhara, go háirithe chun leictreachas ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite a chomhtháthú	An Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, Málta, an Phortaingéil, an Spáinn, an Ríocht Aontaithe
3. Idirnaisc gháis Thuaidh-Theas in Iarthar na hEorpa (" Gás NSI Thiar "):	Toilleadh na n-idirnasc do shreafaí gáis Thuaidh-Theas in Iarthar na hEorpa a mhéadú chun na bealaí soláthair a éagsúlú a thuilleadh agus méadú a dhéanamh ar	An Bheilg, Éire, Lucsamburg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Spáinn, an Ríocht Aontaithe

	inseachadacht ghearrthéarmach gáis	
4. Idirnaisc leictreachais Thuaidh-Theas i Lár -Oirthear agus in Oir-Dheisceart na hEorpa (" Leictreachas NSI Thoir "):	Idirnaisc agus línte inmheánacha i dtreonna Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar a neartú chun an margadh inmheánach a bhaint amach agus chun giniúint ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú	An Ostair, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Chipir, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin
5. Idirnaisc gháis Thuaidh-Theas i Lár-Oirthear agus in Oir-Dheisceart na hEorpa (" Gás NSI Thoir "):	Naisc gháis réigiúnacha idir réigiún Mhuir Bhailt, Muir Aidriad, an Mhuir Aegéach agus an Mhuir Dhubh a neartú, go háirithe chun éagsúlú agus slándáil an tsoláthair gháis a fheabhsú	An Ostair, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Chipir, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin
6. Plean Idirnaisc don Mhargadh Fuinnimh Baltach sa leictreachas (" Leictreachas BEMIP "):	Idirnaisc a fhorbairt idir na Ballstáit i réigiún Mhuir Bhailt agus na bonneagair inmheánacha eangacha a athneartú dá réir, ar mhaithe le deireadh a chur le leithlisiú na Stát Baltach agus chun comhtháthú margaidh a chothú sa réigiún	An Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an tSualainn
7. Plean Idirnaisc don Mhargadh Fuinnimh Baltach sa ghás (" Gás	Deireadh a chur le leithlisiú na dtrí Stát	An Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an

BEMIP"):	Bhaltacha agus na Fionlainne, trí dheireadh a chur le spleáchas ar sholáthraí amháin agus trí mhéadú a dhéanamh ar éagsúlú na soláthairtí i réigiún Mhuir Bhailt	Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an tSualainn
8. Conair Gáis an Deiscirt ("SGC"):	Gás a aistriú ón Imchuach Caispeach, ó Lár na hÁise, ón Meánoirthear agus ó Imchuach Oirthear na Meánmhara go dtí an tAontas, chun éagsúlú an tsoláthair gháis a fheabhsú	An Bhulgáir, an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ostair, an Pholainn, Poblacht na Seice, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Ungáir

b) Limistéir Thosaíochta		
	Cuspóir	Na Ballstáit lena mbaineann
Úsáid na n-eangach cliste:	Luathú a dhéanamh ar ghlacadh na dteicneolaíochtaí eangaí cliste ar fud an Aontais, chun comhtháthú éifeachtúil a dhéanamh ar iompar agus ar ghníomhaíochtaí na n-úsáideoirí go léir atá nasctha leis an ngréasán leictreachais	gach ceann
Mórbhealaí leictreachais	Forbairt a dhéanamh ar na chéad mhórbhealaí leictreachais suas idir seo agus 2020, ag féachaint do thógáil córas mórbhealaí leictreachais ar fud an Aontais	gach ceann
Gréasán dé-ocsaíd charbóin trasteorann	Tógáil an bhonneagair iompair dé-ocsaíd charbóin idir na Ballstáit a ullmhú, ag féachaint d'úsáid gabhála agus stórála dé-ocsaíd charbóin	gach ceann

CUID III: LIOSTA NA dTOSAÍOCHTAÍ RÉAMH-SHAINITHE AGUS NA RÉIMSI
IDIRGHABHÁLA

I RÉIMSE NA TEILEACHUMARSÁIDE

a) Tosaíochtaí cothrománacha

<p>Bainistíocht Nuálaíoch, Mapáil Nuálaíoch agus Seirbhísí Nuálaíocha</p>	<p>Cúnamh teicniúil agus bearta um macasamhlú tionscadal, i leith úsáide agus rialaithe nuair is gá, lena n-áirítear pleanáil tionscadal agus infheistíochta agus staidéir féidearthachta.</p> <p>Mapáil ar an mbonneagar leathanbhanda uile-Eorpach chun suirbhéireacht leanúnach mhionsonraithe fhisiceach agus doiciméadú ar shuímh ábhartha, anailís ar chearta slí, measúnuithe acmhainneachta maidir le huasghrádú na n-áiseanna atá ann cheana etc. a fhorbairt.</p> <p>Anailís ar an tionchar ar an gcomhshaol, ag cur san áireamh riachtanais i ndáil le hoiriúnú athraithe aeráide agus maolú air, agus athléimneacht ó thubaistí</p>
<p>Gníomhaíochtaí tacaíochta agus bearta tacaíochta teicniúla eile</p>	<p>Gníomhaíochtaí is gá chun cur chun feidhme tionscadal leasa choitinn nó gníomhaíochtaí a chuidíonn leis an gcuspóir sin a ullmhú, lena n-áirítear staidéir ullmhúcháin, féidearthachta, meastóireachta agus bailíochtaithe, chomh maith le haon bheart tacaíochta teicniúil eile, lena n-áirítear réamhghníomhaíocht chun gníomhaíocht a shainmhíniú agus a fhorbairt ina hiomláine.</p>

b) Gréasáin leathanbhanda

Cuideoidh idirghabháil i réimse an leathanbhanda le fás cliste agus uilechuimsitheach, trí phunann tionscadail leathanbhanda atá cothrom agus éagsúlaithe go geografach a chur le chéile, lena n-áirítear tionscadail 30Mbps agus 100Mbps nó níos mó araon, chomh maith le tionscadail fho-bhailteacha agus tuaithe, chun leibhéal sásúil nascachta a bhaint amach sna Ballstáit uile.

Saintréithe na hidirghabhála	Tuirisc
Áireofar leis an idirghabháil i réimse na	Infheistíochtaí i ngréasáin leathanbhanda a

ngréasán leathanbhanda:	bheidh in ann sprioc Chlár Oibre Digiteach 2020 a bhaint amach, is é sin, cumhdach uilíoch ar 30Mbps; nó
	Infheistíochtaí i ngréasáin leathanbhanda a bheidh in ann sprioc Chlár Oibre Digiteach 2020 a bhaint amach, agus 50 % ar a laghad de na teaghlaigh ag fáil síntiúis le haghaidh luasanna os cionn 100Mbps;
Beidh ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas mar chuid den idirghabháil i réimse na ngréasán leathanbhanda:	Úsáid bonneagair éighníomhaigh fhisicigh nó úsáid bonneagair chomhcheangailte fhisicigh atá éighníomhach agus gníomhach, chomh maith le heilimintí bonneagair coimhdeacha, ina bhfuil na seirbhísí is gá chun an bonneagar sin a oibriú;
	Áiseanna agus seirbhísí gaolmhara, amhail sreangú foirgneamh, aeróga, túir agus struchtúir tacaíochta eile, ducta, seolphíobáin, crainn, dúnphoill agus caibinéid;
	Leas a bhaint as sineirgíochtaí féideartha idir cur i bhfeidhm na ngréasán leathanbhanda agus gréasán fónais eile (fuinneamh, iompar, uisce, séarachas, etc.), go háirithe na seirbhísí sin a bhaineann le dáileadh cliste leictreachais.

c) Bonneagair na seirbhíse digití

Tacófar leis na réimsí idirghabhála seo a leanas i réimse bhonneagair na seirbhíse digití.

Seirbhís Dhigiteach	Tuairisc
<i>Naisc ardluais cnámh droma tras-Eorpacha do riaracháin phoiblí</i>	Bonneagar seirbhíse cnámh droma poiblí tras-Eorpach a sholáthróidh nascacht ardluais idir institiúidí poiblí i réimsí amhail riarachán poiblí, cultúr, oideachas agus sláinte.
<i>Seachadadh trasteorann na ríomhsheirbhísí Rialtais</i>	Ardáin idirghníomhaíochta chaighdeánaithe, trasteorann atá áisiúil don úsáideoir, a bhainfidh gnóthachain éifeachtúlachta amach ar fud an gheilleagair agus san earnáil phoiblí agus a chuirfidh leis an Margadh Aonair.

	<p>Cumasóidh na hardáin sin soláthar leictreonach, seirbhísí sláinte ar líne, tuairisciú caighdeánaithe gnó, malartú leictreonach faisnéise breithiúnaí, clárú ar líne do chuideachtaí tras-Eorpacha, ríomhsheirbhísí Rialtais do ghnólachtaí, lena n-áirítear clárú ar líne do chuideachtaí tras-Eorpacha.</p>
<p><i>Rochtain ar fhaisnéis na hearnála poiblí agus ar sheirbhísí ilteangacha a chumasú</i></p>	<p>Bailiúchán mór d'acmhainní cultúrtha Eorpacha a dhigitiú agus a n-athúsáid ag tríú páirtithe a chothú.</p> <p>Rochtain iomlán a bhaint amach san AE faoi 2020 le haghaidh athúsáid na faisnéise go léir is ceadmhach a nochtadh atá ar seilbh ag an earnáil phoiblí.</p> <p>Gnólacht ar bith san AE a chumasú chun seirbhísí ar líne a thairiscint ina theanga féin, rud a bheidh inrochtana agus inúsáidte gan uaim i dteanga ar bith de chuid an AE</p>
<p><i>Sábháilteacht agus slándáil</i></p>	<p>Saoráidí roinnte ríomhaireachta, bunachair shonraí agus uirlisí bogearraí do na hÍonaid d'idirlión níos sábháilte sna Ballstáit, mar aon le hoibríochtaí cúloifige chun déileáil leis an tuairisciú ar an inneachar maidir le mí-úsáid ghnéasach</p> <p>Bonneagair chriticiúla seirbhíse, lena n-áirítear bealaí cumarsáide agus ardáin arna bhforbairt agus arna n-úsáid chun inniúlacht ar fad an AE maidir le hullmhacht, roinnt faisnéise, comhordú agus freagairt a fheabhsú</p>
<p><i>Réitigh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a úsáid i gcomhair gréasán fuinnimh chliste agus chun Seirbhísí Fuinnimh Chliste a sholáthar</i></p>	<p>Teicneolaíochtaí nua-aimseartha faisnéise agus cumarsáide i réimse na seirbhísí fuinnimh chliste chun freastal ar riachtanais na saoránach (daoine ar féidir leo a bheith ina soláthraithe, chomh maith le bheith ina dtomhaltóirí fuinnimh), soláthraithe fuinnimh agus na n-údarás poiblí.</p>

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB⁴⁸

06 Soghluaisteacht agus Iompar
32 Fuinneamh
09 Sochaí Faisnéise agus na Meáin
13 Beartas Réigiúnach

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

X Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua**

Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadail/réamhghníomhaíocht⁴⁹**

Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht a atreoraíodh i dtreo gníomhaíochta nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe

Ceannteideal 1 Fás Cliste agus Uilechuimsitheach

Tabharfaidh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa aghaidh ar na cuspóirí ginearálta seo a leanas in earnálacha an fhuinnimh, an iompair agus na teileachumarsáide:

a) rannchuidiú le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach trí ghréasáin thras-Eorpacha nua-aimseartha agus ardfeidhmíochta a fhorbairt, agus ar an dóigh sin sochair a thabhairt don Aontas Eorpach ar fad i téarmaí iomaíochais agus an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh laistigh den Mhargadh Aonair agus timpeallacht a chruthú atá níos fabhraí d'infheistíocht phríobháideach agus phoiblí trí ionstraimí airgeadais agus tacaíocht dhíreach ón Aontas a úsáid in éineacht agus trí thairbhe a bhaint as sineirgíochtaí ar fud na n-earnálacha.

⁴⁸ ABM: Bainistíú de réir gníomhaíochtaí - ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.

⁴⁹ Mar a thagraítear dó in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

b) a chur ar chumas an Aontais Eorpaigh a spriocanna a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú 20%, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú 20% agus sciar an fhuinnimh inathnuaithe a mhéadú go 20% idir seo agus 2020, agus dlúthpháirtíocht á háirithiú i measc na mBallstát ag an am céanna.

1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Tabharfaidh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa aghaidh ar na cuspóirí sonracha seo a leanas in earnálacha an fhuinnimh, an iompair agus na teileachumarsáide:

1. I réimse an iompair:
 - a) scrogall a bhaint agus bearnaí sna naisc a líonadh;
 - b) iompar inbhuanaithe agus éifeachtúil a áirithiú san fhadtéarma;
 - c) comhtháthú agus idirnascadh modhanna iompair a bharrfheabhsú agus idir-inoibritheacht, sábháilteacht agus slándáil seirbhísí iompair a fheabhsú.
2. I réimse an fhuinnimh:
 - a) comhtháthú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh agus idir-inoibritheacht na ngréasán leictreachais agus gáis thar teorainneacha a chur chun cinn, lena n-áirítear trína áirithiú nach bhfuil aon Bhallstát scoite amach ón ngréasán Eorpach
 - b) cinnteacht soláthair an Aontais a fheabhsú;
 - c) rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe agus le cosaint an chomhshaoil, go mór mór trí chomhtháthú fuinnimh ó fhoinsí inathnuaithe sa ghréasán tarchuir a éascú agus trí ghréasáin de dhé-ocsaíd charbóin a fhorbairt.
3. I réimse na ngréasán teileachumarsáide:
 - a) luas a chur le húsáid gréasán gasta agus an-ghasta leathanbhanda agus lena nglacadh, go háirithe ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).
 - b) idirnascadh agus idir-inoibritheacht seirbhísí náisiúnta poiblí ar líne a chur chun cinn chomh maith le rochtain ar na gréasáin sin.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

06 03

32 03

09 03

13 14

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Tionchar foriomlán socheacnamaíoch agus comhshaoil:

Luathóidh cur chun feidhme rathúil na Saoráide um Chónascadh na hEorpa forbairt bonneagair ardfheidhmíochta san AE i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus cuideoidh sé le spriocanna gaolmhara fuinnimh agus athraithe aeráide Straitéis 2020 an AE a bhaint amach dá réir, chomh maith le hiomaíochas inbhuanaithe a bhaint amach san AE. Cuirfidh na rialacha oibriúcháin faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí chun cinn agus spreagfaidh sé gearáil uasmhéadaithe ranníocaíochtaí buiséid an AE chun infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a mhealladh do thionscadail. Ina theannta sin, beidh na bonneagair a bhaineann leis an Eoraip ina sócmhainn infheistíochta mhealltach d'infheisteoirí institiúideacha laistigh agus lasmuigh den Eoraip, le cúnaimh na n-ionstraimí airgeadais a bunaíodh le rannchuidiú ón AE.

Tionchar saineolaíoch eagnaíoch:

Iompar:

Beidh cur chun feidhme luathaithe chonairí na gcróighréasán tras-Eorpach iompair fabhrach do chumhdach níos fearr an bhonneagair iompair i leith an Aontais, agus d'aistriú módach iompair agus do chómhodúlacht. Soláthróidh córais nuálaíochais faisnéise agus bainistíochta a bheidh mar chuid den ghréasán, soláthróidh siad tacaíocht d'fheidhmeanna lóistíochta, comhtháthú idirmhódach agus oibriú inbhuanaithe chun slabhraí iompair iomaíochais a bhunú de réir riachtanais na n-úsáideoirí. Feabhsófar éifeachtúlacht an chórais iompair, le laghdú tábhachtach ar bhrú tráchtach agus ar amanna taistil.

Fuinneamh:

Conairí tosaíochta agus limistéir thosaíochta bonneagair fuinnimh a fhorbairt agus a thógáil a chothóidh:

- úsáid fuinnimh in-athnuaite ar mhórscaála,
- barrfheabhsú ar tharchur ar leibhéal an AE
- cinnteacht an tsoláthair

Teileachumarsáid:

- rochtain ag níos mó saoránach ar idirlíon leathanbhanda
- infhaighteacht bonneagar idir-inoibritheach seirbhíse digití, agus go háirithe infhaighteacht seirbhísí cliste um dháileadh leictreachais
- móiblíú na hinfheistíochta príobháidí agus tuilleadh infheistíochta poiblí i mbonneagair dhigiteacha

Maidir le TFC, tugann staidéar de chuid an OECD le fios go mbíonn sé mar thoradh ar ráta leathnaithe leathanbhanda atá deich faoin gcéad níos mó in aon bhliain amháin go mbíonn méadú 1.5 faoin gcéad ar tháirgiúlacht oibre sna cúig bliana ina dhiaidh sin⁵⁰.

Rinneadh meastachán i meitea-staidéar a rinneadh don Choimisiún Eorpach go gcruthófaí thart ar 3.99 milliún post i mBallstáit an AE27 dá nascfaí an Eoraip go léir le leathanbhanda ardluais nua-aimseartha. Anuas air sin, taispeánann an anailís sin gurb é an meánleibhéal fáis ar OTI ó infheistíocht leathanbhanda 7.03 faoin gcéad. B'ionann sin agus méadú EUR 862.47 billiún ar OTI an AE27. Ina theannta sin, tugann staidéar de chuid an OECD⁵¹ le tuiscint gur féidir le rialtais toradh deich mbliana a bhaint amach ar chistiú iomlán a dhéanamh ar ghréasán FTTH náisiúnta um rochtain oscailte, pointe go pointe.

⁵⁰ Roman Friedrich, Karim Sabbagh, Bahjat El-Darwiche, agus Milind Singh (2009): *Digital Highways. The Role of Government in 21st Century Infrastructure*. [Mórbhealaí Digiteacha. Ról an Rialtais i mBonneagar an 21ú haois.] Booz & Company.

⁵¹ OECD (2010), *OECD Information Technology Outlook 2010* [Ionchas OECD ar Theicneolaíocht na Faisnéise], Foilseachán OECD. Ar fáil ag http://dx.doi.org/10.1787/it_outlook-2010-en Rochtain air an 17 Bealtaine 2011

1.4.4. Forléargas ar gharspriocanna agus ar spriocanna:

Iompar:

Cuspóir ginearálta 1	Cuidiú le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach		
Táscaire	An staid faoi láthair	Garsprioc 2017	Sprioc fhadtéarmach 2020
Líon na hinfheistíochta poiblí agus príobháidí i dtionscadail leasa choitinn		Infheistíocht EUR 280 billiún curtha i bhfeidhm ar an ngréasán tras-Eorpach iompair ina iomláine, agus EUR 140 billiún den mhéid sin curtha i bhfeidhm ar an gcroíghréasán	Infheistíocht EUR 500 billiún curtha i bhfeidhm ar an ngréasán tras-Eorpach iompair ina iomláine, agus EUR 250 billiún den mhéid sin curtha i bhfeidhm ar an gcroíghréasán
Líon na hinfheistíochta poiblí agus príobháidí i dtionscadail leasa choitinn arna cur i bhfeidhm trí na hIonstraimí Airgeadais faoin Rialachán seo		Luach EUR 15 billiún d'infheistíochtaí príobháideacha curtha i bhfeidhm ar an ngréasán iomlán tras-Eorpach iompair	Luach EUR 40 billiún d'infheistíochtaí príobháideacha curtha i bhfeidhm ar an ngréasán iomlán tras-Eorpach iompair

Cuspóir ginearálta 2	A chur ar chumas an AE na spriocanna 20-20-20 a bhaint amach		
Táscaire	An staid faoi láthair	Garsprioc 2017	Sprioc fhadtéarmach
Astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú	(*)	(*)	(*)
Méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh	(*)	(*)	(*)
Sciar den fhuinneamh in-athnuaite	(*)	(*)	(*)

(*) Níl na sonraí ar fáil fós toisc go bhfuil an mhodheolaíocht fós le forbairt.

Cuspóir sonrach 1 - iompar	Scrogall a bhaint agus na bearnaí sna naisc a líonadh		
Táscaire	An toradh is deireanaí atá ar eolas	Garsprioc 2017	Sprioc
Líon na n-idirnascastrasteorann nua agus feabhsaithe	Iarnróid: 36 (le feabhsú)	6	14
Scrogaill a baineadh ó bhealaí iompair	Iarnróid: 30 (le baint) IWW: 14	4 1	10 3

Cuspóir sonrach 2 - iompar	Iompar inbhuanaithe agus éifeachtúil a áirithiú don fhadtéarma		
Táscaire	An toradh is deireanaí atá ar eolas	Garsprioc 2017	Sprioc 2020
Fad an ghnáthghríasáin thras-Eorpaigh iompair iarnróid san AE 27 (i gciliméadair)	81230 (2005)	74071	71490
Fad an ghríasáin thras-Eorpaigh iompair iarnróid ardluais san AE 27 (i gciliméadair)	10733 (2010)	20022	23198
Laghdú ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa	(*)	(*)	(*)
Méadú ar éifeachtúlacht	(*)	(*)	(*)

fuinnimh			
----------	--	--	--

(* Níl na sonraí ar fáil fós toisc go bhfuil an mhodheolaíocht fós le forbairt.

Cuspóir sonrath 3 - iompar	Comhtháthú agus idirnascadh modhanna iompair a bharrfheabhsú agus idir-inoibritheacht seirbhísí iompair a fheabhsú		
